

AN CUMADÓIR SCÉALTA IS FEARR LEIS AN NÁISIÚN

MICHAEL MORPURGO



TÁ NA HEITLEOGA IN
AIRDE SA SPÉIR!



Scéal tragóide agus dóchais atá ar maos le
háthas, agus iarfhocal le Jeremy Bowen

léaráidí le **Laura Carlin**



TÁ NA HEITLEOGA IN
AIRDE SA SPÉIR!

TÁ NA HEITLEOGA IN AIRDE SA SPÉIR!



Michael Morpurgo

léaráidí

Laura Carlin

Téacs © 2009 Michael Morpurgo
Léaráidí © 2009 Laura Carlin
Iarfhocal © 2009 Jeremy Bowen

Arna fhoilsiú trí shocrú le
Walker Books Limited,
Londain SE11 5HJ.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den leabhar seo a atáirgeadh, a tharchur ná a choinneáil i gcóras aisghabhála faisnéise ar aon mhodh ná slí, bíodh sin grafach, leictreonach nó meicniúil, ar a n-áirítear fótachóipeáil, téipeadh agus taifeadadh, gan cead a fháil i scríbhinn roimh ré ón fhoilsitheoir.

Aistriúchán © CCEA 2017

Pádraig de Bléine, ar Léachtóir Sinsearach é
le Roinn na Gaeilge i gColáiste Ollscoile Naomh Muire
i mBéal Feirste, a d'aistrigh an t-úrscéal seo




*Do na páistí atá ina gcónaí ar an
dá thaobh den bhalla, a tharraingeoidh
anuas é lá is faide anonn.*

Ní gá gunnaí ná trumpaí.

M.M.

Do Maia, Molly agus Smudge

L.C.




1ú Bealtaine 2008

Ag tarraingt ar an mbeán oíche.

Óstán gránna. Aerfort Iarúsailéim.

B'fhéarr liom gan a bheith san áit seo. In amanna, le fírinne, bíim ag smaoineamh cad chuige a scríobhaim i ndialann ar chor ar bith. Is dócha go mbíonn sé úsáideach go leor nuair a bhím ag scannánú – cuidíonn sé liom cuimhneamh ar rudaí a ndéanfainn dearmad



orthu, ord na n-imeachtaí, agus mar sin de. Ach oícheanta mar seo, tuigim nach bhfuil sa scríbhneoireacht sa dialann ach nós. Tá mé ag scríobh sa dialann gach lá le mo chuimhne. Tuigim chomh húsáideach agus atá sé i ndiaidh ócáidí móra tábhachtacha, ach is dócha go mbeadh cuimhne agam ar na laethanta sin cibé ar bith. Is é an fhírinne lom go raibh an oiread sin laethanta ann a bhfuil mé ag iarraidh dearmad a dhéanamh orthu. Cosúil leis an lá inniu go díreach.

Brú tráchta an bealach ar fad chuig an Aerfort. Bhí mé mall. Tamall fada ag seiceáil isteach. Moill ar an eitleán cibé ar bith, agus mar sin de níorbh fhiú ar chor ar bith an fhearg agus an frustrachas a tháinig

orm. Nach dtig leis an lucht slándála sin iarracht a dhéanamh ar gháire féin a dhéanamh agus iad ag siortú trí do chuid málaí? Cad é atá cearr leo, an dtuigeann tú? Ina dhiaidh sin, nár eiteil an t-eitleán isteach sa tsuaiteacht gaoithe is measa dár mhothaigh mé riamh! Ba chóir dom a bheith cleachta leis anois – bím ar eitleán minic go leor. Mhothaigh mé an t-am seo, áfach, go raibh mo phort seinnte. D’oscail cuid de na cófraí, agus thosaigh an bhean in aice liom a rá a cuid paidreacha. Ní déarfainn gur thuirling muid in Iarúsailéim. Is é rud a bhuail muid an rúidbhealach. Plab, plab, plab. Shílfeá go raibh an píolóta ag cuimhneamh siar ar laethanta a óige. Ba



chloch é an t-eitleán a bhí sé a sciarradh ar bharr locha. Ní raibh deireadh ar bith leis an bhualadh seo agus muidne go fóill cuachta istigh san eitleán. Ina dhiaidh sin, bhí tuilleadh den lucht slándála ann agus cuma ghruama orthu. Mé go mall ag


teacht isteach san óstán ghránna seo agus a fhios agam nach bhfaighidh mé codladh na hoíche. Tá boladh gránna ceimiceán ar na braillíní agus ar na tuáillí. Is é an t-aer as an chóras aerchóirithe an t-aon aer amháin a thig liom a análú isteach. Tá callán ann nach dtig liom a mhúchadh.

Nuair a chuir mé scairt ar Penny le spionn níos fearr a chur orm, dúirt sí go raibh gach rud sa bhaile go breá. Shíl mé ó bheith ag éisteacht léi go raibh tuirse uirthi, ach dúirt sí nár mhúscaíl mé í. Is cosúil go raibh Jamie giota beag tógtha nuair a tháinig sé chun an bhaile ón scoil, ach bhí sé ina chodladh go sámh anois. Léigh sí a leabhar *King Arthur* dó, arís eile. D'inis sí

dom gur dhúirt Jamie gur léigh mise é níos fearr ná mar a léigh sise é. Bhí sí míshásta leis sin. Ní raibh mise. Chuir sé aoibh an gháire orm, an chéad gháire a rinne mé an lá ar fad. Cuireann sé áthas ort nuair a dhéanann tú gáire. D’inis Penny dom gur chonaigh sí mé, gur bhreá léi go dtiocfadh liom a bheith sa bhaile. Dá mbeinn sa bhaile, níor ghá dúinn scairt a chur ar a chéile i lár na hoíche. “A Max, an bhfuil a fhios agat cad é an t-am atá sé?” ar sise. Ní hé go díreach go raibh sí míshásta, ach ba léir dom nach raibh sí ag iarraidh mórán eile cainte a dhéanamh liom ina dhiaidh sin. Bhí mé iontach uaigneach nuair a chríochnaigh sí an scairt ghutháin. Tá mé

uaigneach go fóill. Ná bí gruama! Gabh a chodladh. Ní féidir a bheith gruama má tá tú i do chodladh. Éireoidh mé go luath ar maidin. Caithfidh mé am na mbusanna a fhiosrú ar dtús. Bhí an bia ar an eitleán go holc. D'ith mé é de thairbhe go raibh sé ann go díreach, rud a bhí an-amaideach ar fad. Agus anois tá tinneas goile orm.





Hóigh, a Mahmoud, an bhfuil tú ann? An bhfuil tú ann? An gcluineann tú mé? Tháinig an íomhá ghalánta chugam arís aréir i mbrionglóid, an bhrionglóid chéanna a bhí agam faoi na heitleoga. Deir Uncail Yasser gurb amaideach an bhrionglóid í. Ach níl sé amaideach, an bhfuil, a Mahmoud?

Bíonn tú i gcónaí ag insint dom gan a bheith ag éisteacht le Seanuncail Geabaire. Is leatsa an bhrionglóid, sin an rud a deir tusa. Bí ag brionglóideach faoi rud ar bith is maith leat, a dheartháirín. Taitníonn sé liom nuair a thugann tú deartháirín orm. An bhfuil a fhios agat seo? Ní hé amháin gur tú mo dheartháir mór, is tú an cara is fearr agam fosta. Hóigh, chonaic mé an ghirseach sin arís, an ghirseach a chaitheann an scairf ghorm ar a ceann. Bhí sí ann inniu arís, í ag croitheadh láimhe orm, agus tháinig sí chugam sa bhrionglóid fosta. Bhí sí ag croitheadh láimhe orm ansin fosta. Croitheadh sí lámh orm i gcónaí!

A Mahmoud, an bhfuil tú ag éisteacht

liom? Tá eagla orm mo shúile a dhruidim ar eagla go dtiocfaidh an tromluí sin orm arís. D'inis tú dom go n-imeodh na tromluithe nuair a bhainfinn amach an rud atá sa bhrionglóid. Cad é an rud a dúirt tú liom? “Tá an tromluí de dhíth ar dtús, a dheartháirín, sa dóigh go dtiocfaidh an bhrionglóid phleisiúrtha, go díreach ar an dóigh chéanna a dtagann an mhaidin i ndiaidh na hoíche. Ní thig leat ceann amháin a bheith agat gan an ceann eile. Ní fíorsholas é,” arsa tusa, “go dtí go bhfuil an fíordhorchadas feicthe agat.” Ní thuigim é sin go fóill, a Mahmoud. Insíonn tú cuid mhaith rudaí domsa nach dtuigim go rómhaith. Ach ní miste liom. Taitníonn



sé liom tú a bheith ag labhairt liom. Taitníonn sé go mór liom. An dtiocfaidh tú liom amárach nuair a bheas mé ag súgradh le m'eitleog? An mbeidh tú i do shuí ansin faoi chrann na n-eitleog?

Is é an scéal céanna i gcónaí é nuair a chaithfidh mé dul a luí. Bím ag iarraidh leanúint ar aghaidh ag labhairt leat an oíche ar fad, a Mahmoud. Is dócha nach ceart dom an oiread sin ama a chaitheamh ag labhairt leat – caithfidh sé go n-éiríonn tú tinn díom – ach níl duine ar bith eile ann a dtig liom labhairt leis, níl duine ar bith eile ann ar mhaith liom labhairt leis ach oiread. Níl a fhios ag duine ar bith eile cad é a tharla, ní raibh duine ar bith eile ann. Is

tusa mo dheartháir mór, dhá bhliain déag d'aois – sin ceithre bliana níos sine ná mé – agus insím gach rud duit. Bím i gcónaí ag smaoineamh ort, fiú nuair nach mbím ag labhairt leat. Tá mé fíorbhródúil asat – an reathaí is gasta sa tsráidbhaile! Ach tá níos mó i gceist ná deartháir mór go díreach. Bhí tú mar athair don teaghlach fosta ó ghabh na saighdiúirí forghabhála Athair agus chuir i bpríosún é nuair a bhí mise óg. Ní fhaca muid ó shin é. Mar sin de, bhí ortsa cuidiú a thabhairt ar an fheirm le hUncaíl Yasser, Seanuncaíl Geabaire.

Tá gach síol a chuir tú ag fás go maith – deir Uncaíl Yasser go bhfásann siad de thairbhe gur garraíodóir maith thú.



Pónairí leathana, ubhthorthaí, lusanna na gréine, ológa, liomóidí – fásann siad uilig go maith. Ach is iad na caoirigh is mó a thaitin leat, i do shuí ar thaobh an tsléibhe an lá ar fad, ag tabhairt aire do na caoirigh. Tá aithne agat orthu uilig agus acusan uilig ortsa. Tá grá acu duit agus tá muinín acu asat. Shílfeá gur tusa an deartháir mór acu fosta. Taitníonn sé liom nuair a bhím





amuigh ansin leatsa agus leis na caoirigh,
a Mahmoud. Taitníonn sé liom nuair a
mhothaím an t-aer te ar m'aghaidh agus
nuair a mhothaím an boladh ó lus na
mbrat. Luíonn muid siar ansin ag amharc ar
na seabhaic ar foluain ar an ghaoth. Bíonn
muid ag labhairt, bíonn muid ag gáire,
bíonn muid ag brionglóideach. Tá tusa
tugtha do na brionglóidí mar atá mé féin.



Le fírinne, sílim go mbíonn na brionglóidí céanna againn, fiú.

Ar ndóigh ní bhíonn muid inár luí ansin go díreach ag brionglóideach. Déanann muid ár n-eitleoga, agus seolann muid suas sa spéir iad. Nuair a fhaighim greim ar an roithleán agus nuair a scaoilim saor an líne, ritheann tusa amach ar thaobh an tsléibhe, ag beicíl agus ag scairtigh agus an eitleog ag dul suas sa spéir. Ansin bíonn sí





in airde ansin, in airde sa spéir. Ligeann tú don eitleog teacht anuas de ruathar agus dul suas arís agus arís eile. In amanna buaileann sí in éadan crainn, nó caitheann sí í féin isteach ar thaobh an tsléibhe. Bíonn tú i gcónaí feargach leat féin agus ní labhraíonn tú liom. Ach i ndiaidh tamaill, nuair a shocraíonn tú síos, deirim leat gur chóir dúinn í a dheisiú, nó go díreach ceann eile a dhéanamh, agus deisíonn muid



í nó déanann muid ceann eile. Bíonn gach eitleog a dhéanann muid níos fearr ná an ceann a chuaigh roimpi – éagsúil, níos mó, níos lú, eireaball níos faide uirthi, b'fhéidir, nó fiú ceann níos gairide. Cuireann muid dathanna difriúla péinte orthu uilig fosta, cuid acu ar dhathanna na n-éan, cuid acu ar dhathanna na bhféileacán agus cuid acu fiú ar dhathanna na n-iasc. Tráthnónta samhraidh tagann muintir an tsráidbhaile uilig amach le hamharc orainn. Seasann siad ansin faoi dhraíocht ag stánadh ar an spéir agus iad ag baint a oiread céanna pléisiúir as na heitleoga agus atá muid féin. Is é sin an t-aon uair amháin a bhíonn seans againn dearmad a dhéanamh ar ár

gcuid trioblóidí agus ar an bhrón a bhíonn orainn, agus sult a bhaint as an tsaol, seal beag gairid ar scor ar bith.

An bhfuil cuimhne agat ar an tráthnóna sin, a Mahmoud, nuair a d'fhiafraigh mé díot cén fáth a gcuireann eitleoga a oiread sin áthais ar dhaoine, cén fáth a mbíonn daoine ag gáire os ard nuair a fheiceann siad iad ag éirí in airde ar luas lasrach sa spéir. Tá cuimhne agam ar gach uile fhocal a dúirt tú liom, a Mahmoud, amhail is gur inné féin a tharla an comhrá. Ach ní inniu ná inné a tharla sé sin, tharla sé dhá bhliain is an tseachtain seo chugainn.

“Gach uair a sheolaim m'eitleog suas sa spéir, a dheartháirín, bím ag déanamh gur

mé féin atá ann thuas ansin, agus go bhfuil mé i bhfad ar shiúl ón tsaol chráite thíos anseo, i bhfad ar shiúl ó na saighdiúirí, ó na seicphointí agus ó na tancanna. In airde sa spéir ansin, bím saor. Téim cibé áit a séideann an ghaoth mé, agus ní thig le saighdiúirí, le seicphointí ná le tancanna cosc a chur orm,” arsa tusa.

Agus ansin tháinig fearg ort, a Mahmoud. Tháinig fearg ort i gcónaí nuair a labhair tú ar na saighdiúirí forghabhála. Agus thosaigh tú a chaoineadh an tráthnóna sin, a Mahmoud. Chaoin tú cionn is go raibh a oiread sin feirge ort. “Cad chuige a gcoinníonn siad Athair i bpríosún, a Said?”, a d’fhiafraigh tú díom.

“Inis dom an méid sin, a Said. Cad chuige a dtagann siad anseo ag iarraidh seilbh a ghlacadh ar ár gcuid talaimh? Cad chuige a gcaitheann siad linn mar a bheadh cac asaile ann? Cad chuige nach dtig leo imeacht chun an bhaile agus muid a fhágáil faoi shíocháin?” Ansin d’inis tú dom faoin tsaighdiúir. “Tá mé ag iarraidh rud éigin a insint duit, a Said,” arsa tusa. “Tharla sé inné. Ní thig liom gan a bheith ag smaoineamh air. Chonaic mé saighdiúir. Bhí sé thíos ag an tseicphointe, agus bhí mise ag seoladh na gcaorach romham trasna an bhóthair. Bhí sé ag amharc orm idir an dá shúil trí bhairille a raidhfil. Ansin chonaic mé a aghaidh faoina chlogad. Ní thiocfadh liom



é a chreidiúint, ní raibh an chuma air go raibh sé níos sine ná mise. Dar liom, is mac le duine éigin tusa fosta. Dar liom, lá eigin is féidir go bhfuil tú le mé a mharú, agus ní bheidh a fhios agat fiú cén fáth a maróidh tú mé. An bhfuil a fhios agat cad é a rinne mise ansin? Rinne mé meangadh gáire leis. Ní raibh mé ag iarraidh an chuma a bheith orm go raibh mé scanraithe agus mar sin de rinne mé meangadh gáire leis, go díreach lena thaispeáint dó. Rinne



seisean meangadh gáire liomsa, geallaim duit go ndearna, chaoch sé a shúil orm fú. Mar sin de, thosaigh mé a smaoineamh nach drochdhaoine uilig iad na saighdiúirí forghabhála seo. Tá an ghirseach ann a chaitheann an scairf ghorm ar a ceann a chroitheann lámh orm thar an bhalla ó am go ham, agus tá an saighdiúir sin ann. Sin



beirt acu. Mar sin de, murar drochdhaoine iad uilig agus murar drochdhaoine muidne uilig, cad chuige nach dtig leis na daoine maithe ón dá thaobh teacht le chéile le gach rud a réiteach? Thiocfadh leis na saighdiúirí dul abhaile ansin agus thiocfadh le hAthair teacht amach as an phríosún agus teacht abhaile chugainn, agus bheadh gach rud go hiontach ansin.” Bhí tú ag caoineadh leat agus is cuimhin liom gur ghlan tú na deora ar shiúl le do lámha. “Cronaím Athair, a Said,” arsa tusa. “In amanna cronaím é chomh mór sin go mbím i bpian.”

An bhfuil a fhios agat an fhírinne, a Mahmoud? Is ar éigean atá cuimhne agam ar Athair. Tá sé imithe chomh fada


sin. Is ó na grianghraif den chuid is mó a thaispeánann Máthair dom atá aithne agam air. Ach ní maith liom a bheith ag amharc orthu, cionn is go mbíonn Máthair i gcónaí ag caoineadh nuair a labhraíonn sí air, agus cuireann sé isteach orm nuair a bhíonn sí ag caoineadh. Nuair a bhíonn sí ag caoineadh tá sé amhail is go bhfuil mo chloigeann lán le deora agus go bhfuil sé ag dul a phléascadh le brón. Is fearr a thaitníonn sé liom nuair a insíonn tusa dom faoi Athair, de thairbhe gur inis tú a oiread sin scéalta greannmhara faoi. Taitníonn sé go mór liom nuair a bhím i mo shuí faoi chrann na n-eitleog agus mé ag smaoineamh ar na rudaí a d'inis tú dom faoi, faoin dóigh ar

theagasc Athair gach rud atá ar eolas agat duit: an dóigh le heitleoga a dhéanamh, an dóigh le síolta pónairí a chur mar is ceart, an dóigh le feadaíl a dhéanamh ar na caoirigh sa dóigh go dtiocfaidh siad isteach agus an dóigh le peil a imirt. Is cuimhin liom gur dhúirt mé leat tráth go raibh tú go holc ag an pheil. Rinne tú iomrascáil liom gur thit mé go talamh ar shlat mo dhroma. Shuigh tú orm agus tú ag rá go ndéanfá mé a chigilt go bhfaighinn bás mura dtarraingeoinn siar mo chuid focal. Tharraing mé siar mo chuid focal mar sin. “Cibé ar bith, a dheartháirín, an síleann tú go dtig le duine ar bith in Barcelona nó i Manchain Aontaithe eitleoga níos fearr a

dhéanamh ná mar a dhéanaim féin?” Sin an rud a dúirt tú. Ansin rinne tú mé a chigilt arís agus bhí muid ag únfairt thart agus ag gáire in ard ár gcinn. D’amharc muid suas agus bhí na caoirigh uilig ag stánadh orainn amhail is go raibh muid glan ar mire. Mura raibh muid ag gáire roimhe sin, bhí muid sna trithí gáire ina dhiaidh. Déanann muid cuid mhór gáire le chéile, nach ndéanann, a Mahmoud? Taitníonn sé go mór liom nuair a chluinim ag gáire tú.

A Mahmoud? An bhfuil tú ann? Bhí mé ag smaoineamh ort arís tráthnóna, agus mé i mo shuí faoi chrann na n-eitleog. Is áit mhaith é le bheith ag smaoineamh. Ach déanaim an comhrá is fearr leat i mo luí

dom san oíche, nach ndéanaim? Níl a fhios agam cén fáth. B'fhéidir go bhfuil sé mar sin de bhrí go mbíonn sé níos rúnda. Ach is é crann na n-eitleog an áit is fearr ar domhan domsa. Is breá liom an seanchrann sin. Deir Seanuncail Geabaire gurb é an crann is sine ar thaobh an tsléibhe é, agus é ar a laghad deichniúr seanaithreacha d'aois. Is é sin an fáth a bhfuil sé casta cam, cosúil leis féin. Tugann sé cosaint níos fearr ar an ghrian



ná a thugann áit ar bith eile ar an fheirm, agus mar sin de, is breá leis na caoirigh fosta é. Chuir muid cuid mhór eitleog le chéile faoin chrann sin, nár chuir? Is linne crann na n-eitleog sin,


leatsa agus liomsa, a Mahmoud. Is é sin an fáth a bhfuil dúil agam ann níos mó ná in áit ar bith eile, de thairbhe go mbíonn tusa i gcónaí ann. Agus is é sin an áit a raibh mé inniu nuair a chonaic mé den chéad uair é.

Chonaic mé duine ag siúl ar an bhóthar thíos sa ghleann. Bhí sé i ndiaidh tuirlingt den bhus. Bhí a fhios agam láithreach nár dhuine de mhuintir s'againne a bhí ann. Ní chaithfeadh duine ar bith den mhuintir s'againn hata mar sin. Agus bhí a fhios agam nár dhuine de na daoine as na Críocha faoi Fhorghabháil a bhí ann ón taobh eile den bhalla. Ní chaitheann siadsan hataí mar sin ach oiread. Stop sé anois agus arís le

hamharc thart timpeall air féin, amhail is go raibh gach rud úrnua dó, amhail is gur strainséir é. Ansin chonaic sé mé, chonaic sé na caoirigh agus crann na n-eitleog. D'imigh sé den bhóthar agus thosaigh sé a dhreapadh an chnoic ag tarraingt níos cóngaraí dom. Bhí mála droma air, agus an hata greannmhar sin ar a cheann, agus bhí trealamh de chineál éigin ar a ghualainn aige. Agus smaoinigh mé gur duine de na tuairisceoirí teilifíse a bhí ann. Sin atá ann! Is minic a fheiceann muid iad ag teacht tríd an tsráidbhaile, nach minic? Ach is gnách leo a bheith i jípeanna, agus de ghnáth bíonn cuid mhaith acu ann. Ach bhí an duine sin leis féin agus is ag siúl a

bhí sé. Agus smaoinigh mé nach raibh mé ag iarraidh air teacht níos cóngaraí dom. Tá sé ag dul a chur isteach ar na caoirigh, tá a fhios agam go bhfuil. Tá siad ag éirí ina seasamh agus ag imeacht cheana féin. Cosúil liom féin, ní maith leo na strainséirí. Is fearr dom fanacht san áit a bhfuil mé agus neamhaird a dhéanamh air. Rachaidh mé i mbun oibre ar m'eitleog agus tá súil agam go n-imeoidh sé leis. Shíl mé, áfach, go mb'fhéidir go bhfaighinn roinnt seacláide uaidh sula n-imeodh sé. Is maith an deis é an lucht teilifíse a bheith ann. Seans go bhfaighfeá seacláid nó cúpla dollar, dá mbeadh an t-ádh ort. Tá a fhios agam an dóigh leis an chluiche a imirt: má tá tú ag





iarraidh an t-ádh a bheith ort leis na fir seo, caithfidh tú meangadh gáire a dhéanamh leo, agus é a dhéanamh amhail is go bhfuil tú i ndáiríre. Caithfidh tú ‘a dhuine uasail’ a thabhairt orthu fosta – d’inis tusa sin domsa, a Mahmoud, an cuimhin leat? Ní thig liomsa “a dhuine uasail” a thabhairt air, ach thig liom amharc suas air agus meangadh gáire a dhéanamh leis.

Nuair a d’amharc mé suas air, mhothaigh mé nach raibh sé ach cúpla slat uaim. Bhí sé ag baint a hata greannmhar de agus ag cuimilt a mhála lena lámh. Bhí sé as anáil mar gheall ar an dreapadh. Bhain sé de a mhála droma, agus chuir sé a chuid trealaimh uilig síos ar an talamh díreach in

aice liom.

Tá mé ag insint duit, a Mahmoud. Tá an ceamara is fearr dá bhfaca mé riamh aige! Ní raibh mé ag iarraidh seacláide níos mó. Ní raibh mé ag iarraidh dollar féin. Ní raibh mé ag iarraidh ach greim a fháil ar an cheamara sin. Bhí mé ag iarraidh scannán a dhéanamh leis. Tá an-dúil agam sna scannáin. Tá dúil mhór agatsa sna scannáin fosta, a Mahmoud, nach bhfuil. *ET. Shrek*. Is é *Shrek 2* an ceann is fearr liomsa. An t-asal – tá dúil mhór agam san asal sin.

An bhfuil tú ann, a Mahmoud? An bhfuil tú ann?

2ú Bealtaine

Ar dhíon an tí sa tsráidbhaile

(níl a fhios agam go fóill ainm an tsráidbhaile, gheobhaidh mé amach amárach) An Bruach Thiar. 11.10 i.n.



Tuigim anois an fáth a ndéanaim scannáin. In amanna caithfidh rud éigin tarlú lena chur i gcuimhne dom, agus cuireadh i gcuimhne dom inniu é. Déanaim scannáin le himeachtaí, le mórimeachtaí a thairfeadh, le go mbeidh siad ar scannán go deo na ndeor. Murab é sin, bheadh lá ag teacht agus lá ag imeacht agus ní bheadh sa tsaol seo ach tréimhse fhada leadránach amháin. Mothaím anocht go bhfuil mé beo

i lár scéil, gur cuid den scéal mé. Níl mé go díreach ag tuairisciú faoi scéal anois. Níl mé cinnte ar tharla a leithéid seo domsa riamh roimhe.


Tá oíche réaltógach ann os mo chionn, agus tá mé ag scríobh le solas tóirse. Is iad seo na réaltaí céanna a bhí ag lonrú breis agus dhá mhíle bliain ó shin, an chéad Oíche Nollag. Sin an pictiúr a bhí agam den áit seo i m'intinn agus mé ag fás aníos – áit a raibh na haoirí, na haingil, na stáblaí agus na réaltaí. Ar ndóigh, d'fhoghlaim mé ó shin nach raibh síocháin sa Talamh Naofa an t-am sin agus gur cinnte nach bhfuil síocháin ann sa lá atá inniu ann. Tá na radharcanna seo iontach coitianta

anois: busanna a ionsaíodh le buama, na tancanna, na saighdiúirí ar na sráideanna, na páistí ag caitheamh cloch, na gunnadóirí faoina mascanna ag máirseáil, na críocha faoi fhorghabháil, crá croí sna campaí dídeanaithe, na tórraimh, na hadhlacthaí agus an brón. Ach is mar gheall ar an bhalla atá mise anseo. Is é an balla níos mó, ná rud ar bith eile, a thagann idir mise agus codladh na hoíche. Is é an balla a thug anseo mé.

Braitheann sé uilig ar an aois atá tú. Do dhaoine áirithe is é an píosa scannáin ar an teilifís nuair a maraíodh an tUachtarán Kennedy nó an píosa scannáin a thaispeánann Neil Armstrong ag cur a


chos ar an ghealach nach ndéanfaidh siad dearmad air go lá a mbáis. Do dhaoine eile b'fhéidir gurbh é an lá a shiúil Nelson Mandela amach as príosún san Afraic Theas, nó b'fhéidir gurbh é an lá a bhuaíl na heitleáin isteach d'aon ghnó san Ionad Tráchtála Dhomhanda in Manhattan nach ndéanfaidh siad dearmad air go lá a mbáis. Don mhórchuid againn, tharla eachtra inár saol a d'imir tionchar mór orainn nuair a bhí muid óg agus nach ndéanfaidh muid dearmad uirthi go lá ár mbáis. Domsa go pearsanta, is maith is cuimhin liom féin an lá a bhí mé i mo shuí ar an urlár i gcuideachta scaifte cairde ón choláiste, agus iontas an domhain orainn nuair a bhí

Balla Bheirlín á leagan os comhar ár súl. Ba é sin an lá a shocraigh na daoine go raibh siad tuirseach den bhalla agus go raibh siad ag iarraidh a bheith saor. Dhreap siad in airde ar an bhalla, agus thosaigh siad á tharraingt anuas lena lámha loma, an balla sin a scar daoine óna chéile agus a scar an domhan chomh fada sin. Is beag nár chuir sé tús le cogadh núicléach idir tíortha cumhachtacha an domhain. Ba é an balla sin ag teacht anuas an rud is tábhachtaí agus is dóchasaí a tharla i mo shaol go dtí sin. Scríobh mé go leor i mo dhialann faoi,



leathanach i ndiaidh leathanaigh. Nuair a léim anois é, feicim gur amaidí a bhí mé a scríobh, go raibh sé iontach rómánsúil agus lán dóchais. Ach bhí mé óg ag an am sin.

Tá balla nua in airde anois – ar ndóigh, ní rud nua ar bith é scéal na mballaí; Balla Hadrian, Balla Mór na Síne agus go leor eile. Ach, tá an ceann seo, amháil Balla Bheirlín, ina bhgairt cogaidh don domhan ar fad mar gheall ar an fhearg a chuireann sé ar dhaoine. Bhí ormsa teacht le é a fheiceáil le mo shúile féin. Tá mé



ag iarraidh scannán a dhéanamh, an scéal a insint, ach ó dhá thaobh an bhalla, ó thaobh na bPailistíneach agus ansin ó thaobh na nIosraelach. Tá mé ag iarraidh a fháil amach cad é mar a mhothaíonn tú agus tú i do chónaí faoi scáth an bhalla. Ba mhaith liom scéal a insint nach síneann an mhéar i dtreo grúpa ar bith, nach bhfágann an locht ar thaobh ar bith, ach a chuireann síos ar an tsaol mar atá sé anois. Ba é sin an plean a bhí agam, agus is é sin an plean go fóill. Ach níor thiontaigh rudaí amach inniu go díreach mar ba mhaith liom, an chéad lá seo den scannánaíocht. Tharla rud éigin nach raibh mé ag dúil leis.

Fuair mé amach thar na blianta go

gcuireann tú aithne níos fearr ar dhaoine má bhíonn tú ag taisteal ar an bhus nó ar an traein. Bíonn seans agat labhairt le daoine má bhíonn an t-ádh ort. Bíonn tú leat féin sa charr. Mar sin de, bhí mé ag taisteal ar na busanna an chuid is mó den lá. Cuid mhór dusta, cuid mhór seicphointí, mé ag déanamh giota beag scannánaíochta agus mé ag taisteal, ach ní mórán – ní raibh mé ag iarraidh aird a tharraingt orm féin. Shiúil mé an píosa deireanach de mo thuras chuig an tsráidbhaile seo, agus ba é sin an uair a casadh an t-aoire óg orm.

Go mall tráthnóna a bhí ann. Bhí sé ina shuí leis féin ar thaobh an tsléibhe faoi sheanchrann ológ a raibh a stoc cam

casta. Bhí a chaoirigh thart timpeall air. Go dtí an bomaite sin, ní fhaca mé rud ar bith deas sa tír thragóideach seo, tír a chuir scéalta an Bhíobla sa tsean-am i gcuimhne dom. Ní fhaca mé ach lonnaíochtaí nua ar bharr an chnoic, na gleannta glasa thíos fúm agus sráidbhailte le tithe cloiche gach áit sa cheantar thart orm. Agus bhí an balla le feiceáil gach áit thart ar na cnoic. Sheas an balla mar shiombail daoirse agus forghabhála do dhream amháin den phobal agus ina sciath chosanta don dream eile.

Rinne mé dearmad ar gach rud nuair a chonaic mé an t-aoire óg. Bhí sé ag déanamh eitleoige, agus é chomh dírithe sin ar an obair nár mhothaigh sé ag teacht

mé. Bhí sé ag feadalach go ciúin agus mé ag dreapadh an chnoic ina threo. Ní raibh tiúin ar siúl aige, a mhothaigh mé, ach bhí sé ag feadalach go díreach lena chuid caorach a chur ar a suaimhneas. Nuair a d’amharc sé suas orm ní raibh iontas ná imní air. Bhí an chuma air go raibh sé ar comhaois le Jamie, b’fhéidir beagán níos sine, agus an aoibh chéanna air fosta, é ionraic tarraingteach. Ní thiocfadh liom lámh a chroitheadh air go díreach nó beannú dó agus imeacht liom. Cibé ar bith, bhí orm mo scíth a dhéanamh i ndiaidh siúlóid throm suas an cnoc. Mar sin de, stop mé, shuigh mé faoi scáth an chrainn agus thairg mé deoch dó as mo mhála droma. Chroith sé a cheann ar dtús,

ach nuair a bhrúigh mé
an buidéal air, thóg sé
uaim é agus d'ól cuid
mhaith. Nuair a thug sé
an buidéal ar ais dom,
níor labhair sé focal. Ní raibh sé cainteach,
ach ní raibh sé gruama ach oiread. Nuair
a d'inis mé m'ainm dó, bhí an chuma air
nár mhaith leis a ainm a insint domsa.
Mhothaigh mé nach raibh suim ar bith aige
ionam ar scor ar bith. Bhí sé ag stánadh ar
an fhíscheamara s'agam. Ní thiocfadh leis
a shúile a bhaint den fhíscheamara. Ceann
nua atá ann, an ceann is úire de dhéantús
Sony, ceann digiteach, an teicneolaíocht
is nua-aimseartha, éadrom, slachtmhar,



deartha agus déanta go hálainn; an ceann is fearr dár bhain mé úsáid as riamh. Bhí an t-aoire óg faoi dhraíocht ag an cheamara. Shíl mé, b'fhéidir, gurbh é seo an bealach a thiocfadh linn dul chun cainte lena chéile. Spreagfadh m'fhíscheamara comhrá idir é féin agus mé. Shíl mé gur smaoinemh maith a bhí ann.

Tháinig aoibh mhór air nuair a d'fhiafraigh mé de an raibh sé ag iarraidh an físcheamara a láimhseáil. Níorbh fhada, áfach, gur thuig mé nár leor dó go díreach a lámh a chur air. Mar sin, thaispeáin mé na cnaipí uilig dó agus an dóigh ar oibrigh gach rud air. Níor labhair sé focal, ach bhí a fhios agam go raibh sé ag éisteacht go géar

le gach rud. Níorbh fhada gur chuir sé in iúl dom gur mhaith leis féin triail a bhaint as. Ó tharla gur thaispeáin mé an méid sin dó, ní thiocfadh liom diúltú. Shiúil muid amach as scáth an chrainn ag iarraidh teacht ar rud éigin le scannánú. Ar an toirt bhí sé ag díriú a mhéire i dtreo na spéire. Bhí seabhac



ar foluain ansin agus mar sin de, thug mé cead dó é a scannánú. Ina dhiaidh sin bhí sé ag iarraidh na caoirigh a scannánú, ansin mise agus an hata a bhí orm a scannánú. Ba léir gur shíl sé go raibh mo hata iontach amaideach. Ach shíl mé gurbh aisteach an rud é nach ndearna sé iarracht dá laghad labhairt liom. Shuigh muid faoi scáth an chrainn arís agus d’amharc muid ar an scannán. D’iarr sé orm ligean dó amharc air arís agus arís eile.

Bhí mé ag iarraidh air rud éigin a rá agus mar sin de, rinne mé mo dhícheall a mhíniú dó gurb é sin an obair a dhéanaim, gur fear ceamara mé, agus gur tháinig mé anseo le scannán a dhéanamh faoin bhalla.

Ba léir nár thuig sé focal dá raibh mé a rá.
Lean mé ar aghaidh ag déanamh iarrachta.
Ach ba chuma cé acu i mBéarla nó in
Eabhrais bhriste a labhair mé, ní dhearna
sé difear ar bith. Ba í an aoibh ar a aghaidh
an t-aon fhreagra a fuair mé. Bhí an chuma
air go díreach nach raibh sé ag iarraidh
labhairt, cé gur mhothaigh mé go raibh sé
ag iarraidh ormsa leanúint ar aghaidh ag
labhairt. Agus is cinnte gur mhothaigh mé
go raibh sé ag iarraidh ormsa fanacht aige.
Nó b'fhéidir go raibh sé ag iarraidh ar mo
cheamara fanacht aige. Bhí sé deacair aige
a shúile a bhaint de go fóill.

Bhí a fhios agam gur am amú mo
chuid cainte. Mar sin de, d'éirigh mé i

mo sheasamh, thóg mé an ceamara, agus chuir mé in iúl dó gur mhaith liom eisean a scannánú – eisean agus a chuid caorach. “An miste leat?” a d’fhiafraigh mé de. “An mbeidh sé ceart go leor?” Focal níor labhair sé go fóill. Ní dhearna sé ach a ghuailí a chroitheadh agus aoibh a chur ar a aghaidh, agus ní raibh mise cinnte cé acu a bheadh sé ceart go leor nó nach mbeadh. Ní raibh mé ag iarraidh cur isteach air. Mar sin de shuigh mé arís, agus bhí muid beirt ciúin, na caoirigh ag bailiú timpeall orainn anois faoi scáth an chrainn olóige. Bhí an lá te agus bhí boladh ag teacht ó na caoirigh. Nuair a thosaigh an t-aoire óg ag obair ar a eitleog arís, mhothaigh mé gur fhan mé leis

rófhada agus go raibh sé tuirseach díom. Ansin, áfach, gan choinne, shín sé a lámh amach gur thóg sé mo cheamara agus gur thug domsa é. Bhí cead agam! Bhí a fhios agam ansin go gcaithfeadh sé gur thuig an gasúr seo níos mó ná a bhí sé a ligean air féin, agus é ina thost.

Thosaigh mé le seat den aoire óg le mo lionsa leathanuilleach agus é ina shuí faoin chrann, an eitleog ina lámha aige, a chuid caorach uilig thart timpeall air, agus an balla le feiceáil giota maith ar shiúl. Ní raibh maitheas ar bith ann, áfach, cionn is go raibh sé ag amharc suas ar an cheamara agus aoibh an gháire air, a eitleog leathdhéanta ina lámh aige lena thaispeáint dom. Chuir


sé mo hata air agus thosaigh sé a dhéanamh aithrise orm ag scannánaíocht. Bhí sé go maith aige fosta. D'aithin mé láithreach gur éirigh go maith leis na nósanna beaga a bhí agam a léiriú. Níorbh fhiú dul ar aghaidh ag scannánaíocht. Roinn muid cibé bia a bhí ann eadrainn. Chuir sé an-dúil i mo chuid brioscaí seacláide – an bronntanas a thug Jamie dom nuair a bhí mé ag imeacht – agus thug an t-aoire óg roinnt cnónna giúise domsa as a phóca. Bhí muid beirt ag roinnt an chiúnais fosta. Ní raibh an dara rogha ann, agus i ndeireadh na dála, dar liom, ba bhealach maith é le haithne a chur ar a chéile. Thaispeáin mé an grianghraf dó ina raibh mise, Penny agus



Jamie inár suí sa ghairdín thiar sa bhaile i Londain, grianghraf a choinnigh mé i mo sparán. Thaitin sé sin leis. D'amharc sé go géar air ar feadh tamall fada sular thug sé ar ais dom é. Ansin, le teacht an tráthnóna, sheas sé agus chuir fead ar a chuid caorach lena seoladh abhaile. Mhottaigh mé go raibh sé in am domsa imeacht fosta.

Lean mé é, agus na caoirigh ag dul suas an cnoc thart orm, iad ag méileach orm. Bhí an cosán géar go leor, agus ba dhoiligh dom coinneáil suas leis roimh i bhfad. Os mo chomhair amach, bhí an gasúr ag léim

ó chloch go cloch, é chomh lúfar céanna agus a bhí a chuid caorach. Shíl mise go dtiocfadh liom an rud céanna a dhéanamh. Mórtas tóin gan taca! Dá dtiocfadh leisean léim ó áit go háit, thiocfadh liomsa. Gan fadhb ar bith. Mícheart. Tháinig mé anuas go ciotach agus chas mé mo mhurnán, agus bhí mé i mo shuí ansin i measc na gcarraigeacha, agus greim láimhe agam ar mo mhurnán, mé chóir a bheith ag caoineadh leis an phian agus agus ag stróiceadh na mionnaí móra i rith an ama. Rith an t-aoire óg anonn chugam. Chuidigh sé liom éirí i mo sheasamh,



agus chuir sé a lámh thart orm sa dóigh go dtiocfadh liom taca a bhaint as. Shiúil mé go bacach an bealach ar fad chuig an tsráidbhaile. Bhí sé iontach láidir, níos láidre ná a shíl mé a bheadh sé, do ghasúr a bhí chomh hóg sin.

Leathuair an chloig nó mar sin ina dhiaidh sin bhí mé i mo shuí i dteach an ghasúir. Ní raibh an phian i mo mhurnán comh holc agus a bhí sé roimhe. Bhí sé istigh i mbabhla d'uisce fuar agam anois. Bhí an teaghlach mór sínte uilig thart orm ag labhairt lena chéile – ag labhairt fúm féin, bhí mé cinnte de – ní hé go raibh doicheall orthu romham ach is cinnte go raibh amhras orthu fúm. Bhí siad múinte

ach amhrasach. Thug mé faoi deara nár labhair an gasúr go fóill, fiú i láthair a theaghlaigh féin. Bhí sé ag taispeáint dóibh an dul chun cinn a bhí déanta aige ar a eitleog an lá sin agus bród an domhain air aisti. Ba léir dom gurbh eisean peata beag an teaghlaigh.

D'ith muid uaineoil, agus na pónairí móra is deise dár bhlais mé riamh, agus císte a raibh spíosraí milse ann agus an mhil ag sileadh as. Bhí an t-ádh orm go raibh go leor brioscaí seacláide fágtha agam go fóill le roinnt leis na daoine. Ar a laghad bhí rud éigin liom chuig an fhéasta. Nuair a shuigh an gasúr in aice liom, mhothaigh mé go raibh sé ag iarraidh a chur in iúl go soiléir





do gach duine, dom féin san áireamh, gur mise a aoi speisialta. Ba mhór an onóir dom é agus chuir a chineáltas áthas orm. Níorbh fhada, áfach, gur rith sé liom go raibh fáth eile ann a raibh sé ina shuí in aice liom. Thosaigh sé a bhrú ar mo lámh agus a dhíriú a mhéire ar mo cheamara. Bhí sé ag iarraidh á láimhseáil arís, lena thaispeáint dá theaghlach go raibh a fhios aige an dóigh lena oibriú. Focal níor labhair sé go fóill. Ní raibh ann ach gur thaispeáin sé dóibh é. Chuir sé mo hata air, é ag ligean air féin gur mise a bhí ann. Ba é an fear ceamara é, ag díriú an cheamara ar gach duine acu, agus sa deireadh ormsa fosta. Ansin rinne sé léiriú mór, agus é ag déanamh aithris ar an dóigh

ar thit mé ar na carraigeacha. Léirigh sé an dóigh a bhfuair mé greim ar mo mhurnán agus a raibh mé cráite leis an phian, mé ag luascadh siar agus aniar, agus ansin ag siúl abhaile go bacach, ag baint taca as féin. Bhí gach duine sna trithí gáire faoin am sin, mé féin ina measc. Tháinig sé chugam níos moille ag cuardach mo sparáin i mo phóca. Fuair sé an grianghraf agus chuir sé thart é, sa dóigh go bhfuair gach duine sa teaghlach amharc maith air. Ba é an gníomh seo, níos mó ná an amaidí agus an greann uilig a bhí ar siúl aige, a chuir deireadh leis an amhras a bhí ar



an teaghlach fúm. Sílim gur thuig an gasúr go mbeadh barúil dhifriúil acu orm nuair a bheadh an grianghraf feicthe acu. Is cinnte gurb é sin an fáth ar chuir sé thart é.

Bhí an nós céanna ag an ghasúr atá ag Jamie le ham luí a chur siar. Ní raibh ach difear amháin le sonrú ina chuid iarrachtaí le ham luí a chur siar: d’fhan seisean ina thost. Bíonn Jamie i bhfad níos callánaí agus é ag cur ina éadan. Ach tá siad beirt chomh daingean céanna nach bhfuil siad ag iarraidh dul a luí. Bhí an gasúr ag impí go díreach ar a mháthair, ach ag an am chéanna ag impí ar gach duine eile, go raibh níos mó ama de dhíth air lena eitleog a chríochnú. Bhí sé ag impí go

sciliúil gan focal as. Léirigh sé dúinn uilig cad é go díreach a bhí le déanamh aige le críoch a chur leis an eitleog. Chuir sé in iúl dúinn nach raibh sé cothrom ar chor ar bith go mbeadh air dul a luí sula mbeadh sé críochnaithe aige. Ní raibh de dhíth air ach tamall beag gairid eile. Ba í an mheancóg a rinne sé sa deireadh gur chríochnaigh sé í. Bhí sé go fóill ag cur in éadan a mháthar agus í ag cur brú air dul a luí. Bhí mise fágtha liom féin leis an chuid eile den teaghlach.

Bhí ciúnas fada míchompordach ann nuair a d'imigh sé. I ndiaidh tamaill, shíl mé gur cheart domsa é a bhriseadh. Mhothaigh mé gurbh é an bealach is fearr le deireadh

a chur leis iarracht a dhéanamh cúpla focal
Eabhraise a labhairt.

“Gasúr galánta,” arsa mise – is é sin an
rud a shíl mé a dúirt mé cibé ar bith, sin an
rud a bhí mé ag iarraidh a rá. Bhí aoibh ar
gach duine. Caithfidh sé gur dhúirt mé mar
is ceart é a bheag nó a mhór. Ach bhí an fear
ina shuí ar thaobh mo láimhe clé a raibh
an fhéasóg liath air, bhí seisean amhrasach
fúm go fóill. Ghlac mé leis gurbh eisean
ceann an teaghlaigh. Is cinnte gurbh é an
duine ba shine é, agus bhí an chuma ar an
scéal go raibh meas mór ag gach duine air.
Nuair a labhair sé liom, labhair sé go líofa.

“Is mise Yasser Hussein. Is mé uncail
Said. Cuirim fearadh na fáilte romhat

chuig ár dteach. Chaith tú go cineálta le Said, agus tá muid iontach buíoch díot. Mar a deir tú féin, is gasúr galánta é, ach tá a chuid fadhbanna féin aige.”

“Tá sé iontach ciúin,” arsa mise. “Ní deir sé mórán. Tá mo mhac Jamie thiar sa bhaile iontach callánach.” D’aistrigh an seandúine an rud a dúirt mé go hEabhrais don chuid eile. Go tobann bhí an chuma ar gach duine sa tseomra anois go raibh brón orthu. Thiontaigh sé chugam agus é ag amharc idir an dá shúil orm. Bhí sé ag stánadh go géar orm agus mhothaigh mé iontach míchompordach, ach stán mise ar ais airsean chomh maith agus a thiocthadh liom. Níor labhair sé ar feadh tamall fada

ina dhiaidh sin agus arís bhí an ciúnas míchompordach.

“Is tuairisceoir teilifíse thú?”

“Is ea.”

“Cén taobh ar a bhfuil tú? An taobh s’acusan nó an taobh s’againne?”

“Níl mé ar thaobh ar bith.” Bhí sé go fóill ag stánadh go géar orm.

“Ach is cara mór le Said thú?”

“Is ea.”

“B’fhéidir mar sin gur cheart go mbeadh rud éigin ar eolas agat. Ní thig le Said é seo a insint duit, cionn is nach dtig leis labhairt. Ní labhraíonn sé níos mó. Bhí am ann, tamall gairid ó shin, nuair a thiocfadh leis labhairt, agus nuair a bhí sé mar atá do

mhac féin, callánach, iontach callánach. Agus díreach cosúil le Mahmoud, tá Béarla maith ag Said fosta, níos fearr ná mar atá agam féin. Foghlaimíonn siad ar scoil é, ach foghlaimíonn siad níos mó ó na scannáin ar an teilifís fosta, sílim. Tá mé ag insint duit nach dtiocfadh leat é a chur ina thost.”

“Ní thuigim é,” arsa mise.

“Ní thuigeann duine ar bith againn é,” ar seisean liom. “Ní thuigfidh duine ar bith againn choíche é. Is é an t-aon rud atá ar eolas againn gurbh é toil Dé é. Agus caithfidh sé fosta gurbh é toil Dé é gur tháinig tú chuig an teach s’againne. Is maith an rud gur tháinig tú anseo de thairbhe go gcuireann tú aoibh an gháire



ar Said. Cuireann do cheamara
aoibh air. Cuireann do hata
aoibh an gháire air. Cuireann
sé sin áthas orainn. Is maith
an rud é go bhfuil áthas air
arís. Bíonn muid ag dúil go
mbeidh saol maith ag Said.
Bíonn muid ag guí ar a
shon. Tá muid uilig iontach
bródúil as. Ceart go leor,
ní labhraíonn sé ach is cinnte gurb é an
t-aoire óg is fearr sa Phailistín é. Tá a fhios
aige ainm gach caora, gach ceann acu, dála
Mahmoud. Agus dála Mahmoud, déanann
sé na heitleoga is fearr sa Phailistín fosta.
Ach ní gnátheitleoga iad na heitleoga a

dhéanann Said, an bhfuil a fhios agat, níl siad cosúil le heitleoga ar bith eile.”

“Cad é ata i gceist agat?” a d’fhiafraigh mé de.

“Taispeánfaidh sé féin an méid sin duit, b’fhéidir,” ar seisean liom. “Cuirfidh sé a eitleog san aer amárach duit, b’fhéidir. Sílim go bhfuil an ceann seo beagnach réidh le dul in airde sa spéir. Ach caithfidh an ghaoth a bheith díreach ceart do Said. Caithfidh gaoth anoir a bheith ann, gan í a bheith róláidir ach an oiread, nó ní sheolfaidh Said a eitleoga suas sa spéir.”

Sheas sé, agus nuair a sheas, sheas gach duine eile. Ní raibh aoibh ar bith air go fóill agus é ag guí oíche mhaith orm. Mhóthaigh

mé ar dhóigh éigin gur éirigh liom i scrúdú de chineál éigin, scrúdú tábhachtach, dar liom. Bhí an tráthnóna thart.

Tá mo mhurnán giota beag nimhneach go fóill. Tá sé ata fosta, ach ní dóigh liom go bhfuil sé chomh holc agus a shíl mé a bhí sé. Thig liom mo mhéara coise a bhogadh. Bhí sé iontach nimhneach nuair a thit mé, ach níl rud ar bith briste. Tá sé leonta go díreach. Ní thig liom mórán meáchain a chur air. Thug siad bata siúil dom. Thig liom siúl, ach níl ann ach é. Níl an dara rogha agam. Ní stopfaidh rud ar bith mé ó bheith ag dul amach le Said agus a chuid caorach amárach. Tá mé ag súil go mór go mbeidh an ghaoth mar is ceart, agus go seolfaidh

sé a eitleog suas sa spéir. Caithfidh mé a bheith ann le é a scannánú. Tá a fhios agam anois nach mé féin an t-aon duine amháin nach mbíonn Said ag labhairt leis. Ní thig leis labhairt ar chor ar bith. Nó níl sé sásta labhairt. Tá mé ag iarraidh an fáth atá leis sin a fháil amach. Cad chuige nach dtig leis labhairt? Agus cé hé an duine seo Mahmoud a raibh Uncail Yasser Said ag caint faoi? Caithfidh mé freagraí a fháil ar a lán ceisteanna. Amárach. Amárach.



Hóigh, a Mahmoud. An bhfuil tú ag éisteacht? An bhfuil tú ann? Tá sé dorcha. Níl fonn codlata orm. Ba mhaith liom labhairt leat.

An fear seo, a Mahmoud, níl sé cosúil leis na tuairisceoirí teilifíse eile a tháinig chuig ár sráidbhaile. Inseoidh mé duit faoin fhear seo, a Mahmoud. Maith go

leor, tá sé giota beag ciotach ar a chosa, ach tá briosaí seacláide aige atá ar na cinn is deise ar domhan. Agus tá sé cineálta fosta. Thug sé an t-iomlán acu dúinn, go leor do gach duine sa teaghlach, agus ní bhfuair sé féin ceann ar bith acu fiú. Ní hé sin uilig é. Tá mé ag insint duit, caithfidh tú an físcheamara atá aige a fheiceáil! An ceamara is cliste dá bhfaca tú riamh. Sony, digiteach, agus lig sé dom triail a bhaint as! Bhí sé i mo lámha agam, agus thaispeáin sé dom an dóigh a n-oibríonn sé. Agus, agus, agus ... lig sé dom fíorscannán a dhéanamh, gan cuidiú ar bith. Bhuel, gan mórán cuidithe. Tháinig an seabhac ag eitilt thar chrann na n-eitleog, ar foluain



ansin mar a bhíonn sé gach tráthnóna, agus theagasc an tUasal Max dom an dóigh le greim daingean a fháil ar an cheamara, an dóigh le zúmáil isteach cóngarach dó agus an seat a choinneáil. An bhfuil a fhios agat, a Mahmoud? Nuair a bhí mé ag amharc tríd an lionsa, bhí mé chomh cóngarach don tseabhadh sin go dtiocfadh liom gach cleite ar a sciathán a fheiceáil agus iad ar crith sa ghaoth. Níl mé ag insint bréige. Bhí sé amhail is go raibh sé cóngarach go leor dom go dtiocfadh liom mo lámh a chur amach agus é a mhothú. Agus tá mac ag an Uasal Max thiar sa bhaile. Tá sé giota beag cosúil leatsa, a Mahmoud. Tá srón mhór air agus tá na fiacla uilig le feiceáil nuair a

bhíonn aoibh an gháire air. Chonaic mé an grianghraf.

Cibé ar bith, baineadh tuisle as an Uasal Max, rud a bhí iontach greannmhar, ach ghortaigh sé a rúitín, agus is é sin an fáth a bhfuil sé ina shuí ansin agus a chos i mbabhla uisce. Mar a dúirt mé leat, tá sé giota beag amscaí. Thug mé abhaile liom é. Bhí orm. Ní thiocfadh liom é a fhágáil ansin, an dtiocfadh? Dá bhfeicfeá aghaidh Sheanuncail Geabaire nuair a chonaic sé muid. Tá a fhios agat an dóigh a mbíonn seisean, tá fuath an domhain aige ar na tuairisceoirí uilig, deir sé nach bhfuil muinín aige astu. Cad é atá mé a dhéanamh agus duine acu á thabhairt agam

ar ais chuig an teach? Nach bhfuil a fhios agam gur bréagóirí uilig iad, agus iad uilig ar thaobh na saighdiúirí forghabhála? Ach tá dúil ag Máthair san Uasal Max as siocair go bhfuil dúil aige ina císte meala, agus tá dúil ag an chuid eile ann ar an ábhar gur lig sé domsa scannán a dhéanamh ... agus tá dúil acu ann mar gheall ar na brioscaí seacláide fosta. Bhí dúil ag Uncail Yasser sa cheamara fiú. An bhfuil a fhios agat an bharúil atá agam? Sílim go díreach go ligeann Seanuncail Geabaire air féin gur seandúine cancrach atá ann. Tá sé ag déanamh bata siúil don Uasal Max, don lá amárach. Mar sin de, sílim i ndáiríre go bhfuil dúil aige ann.

Hóigh, a Mahmoud. Dá bhfeicfeá tUasal Max agus é ag ithe an chiste meala. Ligh sé a mhéara ina dhiaidh, mar a dhéanann tú féin. Ach ní chluinim é ag smeachadh a liopaí ar an dóigh a mbíonn tusa á smeachadh, rud a chuireann ag gáire mé. Mar sin de, rinne mé gáire nuair a ligh an tUasal Max a mhéara, agus ansin rinne gach duine gáire, Uncail Yasser san áireamh. A Mahmoud, sílim gurbh é seo an lá is pléisiúrtha le fada, ó ... ó tharla sé. A Mahmoud, an bhfuil tú ann go fóill?

Tá mé ag iarraidh rud éigin eile a insint duit. Baineann sé leis an eitleog atá mé a dhéanamh. Tá sé ag éirí deacair. An gliú is cúis leis arís. Bíonn an páipéar ag teacht den

fhráma. Mheasc mé an gliú mar is ceart, go díreach mar a thaispeáin tú dom. Maith go leor, b'fhéidir go raibh deifir orm. Cluinim thú ag insint dom, 'Ná bíodh deifir ort, a Said. Bíonn tú i gcónaí ag deifriú le rudaí. Glac do chuid ama. Rachaidh eitleog suas sa spéir nuair a bheas sí réidh, ina cuid ama féin. Tá sí mar a bheadh rud beo ann. Tá níos mó inti ná go díreach páipéar, adhmaid agus sreang.' Tá mé ag iarraidh í a sheoladh in airde sa spéir amárach, a Mahmoud. Tá sé tábhachtach. Tá mé ag iarraidh a thaispeáint don Uasal Max cé chomh galánta agus atá sí. Tá mé ag iarraidh go mbeidh cóir ghaoithe ann. Tá mé ag iarraidh an ghirseach a chaitheann an

scairf ghorm ar a ceann a bheith ann fosta. Ní sheolfaidh mé in airde sa spéir í mura mbíonn sí ann. Ní sheolaim in am ar bith mura mbíonn sí ann. Agus ní dhéanfaidh mé dearmad mo lámh a chroitheadh uirthi ar do shon, geallaim duit.

Ní rachaidh mé a chodladh. Tá a fhios agam nach rachaidh. Tá barraíocht smaointe ag dul thart i m'intinn. Ní miste liom. Níl mé ag iarraidh dul a chodladh ar scor ar bith. Níl mé ag iarraidh go dtiocfaidh tromluí orm. Má bhím i mo dhúiseacht ní thiocfaidh tromluí orm. Fanfaidh mé múscailte. Beidh mé ag caint liom féin. Coinneoidh sé sin múscailte mé.

Síleann gach ball den teaghlach gur cur

amú ama iad na heitleoga, seachas tusa ar ndóigh. Ach ní hea. Agus sa tsráidbhaile tá a fhios acu uilig cad é atá mé a dhéanamh agus cén fáth a ndéanaim é. Sméideann siad a gceann orm; tá trua acu dom. Síleann siad ar scoil go bhfuil mé as mo mheabhair. Ní deir siad é, ní os ard. Ach sin mar gheall ortsa, a Mahmoud, cionn is nach bhfuil siad ag iarraidh a bheith míchineálta le do dheartháirín. Feicim ina súile é, áfach. In amanna cuireann sé isteach go mór orm. Tá a fhios agam, d'inis



tú dom roimhe, bíonn tú i gcónaí ag insint dom, go gcaithfidh mé coinneáil ag dul, de thairbhe gurb í an bhrionglóid cheart í, an rud ceart le déanamh, an t-aon dóigh amháin le rudaí a réiteach.

Ach tá rudaí ann nach ndeir tú liom, is cuma cé chomh minic agus a chuirim ceist ort. Tá mé ag iarraidh ort a insint dom cén fáth ar tharla sé mar a tharla sé, cén fáth a raibh tusa i gceist, cad chuige a raibh ar an eitleog teacht anuas go tobann sa ghleann an mhaidin sin. Deir Seanuncail Geabaire i gcónaí gurbh é toil Dé é. Ó, agus mar gheall air sin, tá gach rud in ainm is a bheith maith go leor, an bhfuil, a Uncail? Níorbh é Dia é a bhí ag seoladh na n-eitleog suas sa spéir,

arbh é? Mise a bhí ann. Mise an duine a lig di teacht anuas de phlab. Mise an duine a bhí ag gearán gan stad gan staonadh faoin dóigh nach raibh sé cothrom go mbeifeá féin ag seoladh na n-eitleog in airde sa spéir níos minice ná mise. Mise a bhí ag gearán faoin dóigh nár ligeadh dom ach greim a choinneáil ar an roithleán agus an tsreang a scaoileadh. Ach go bé gur thug tú dom í, ach go bé gur thug tú cead dom an eitleog a sheoladh in airde sa spéir, ní tharlódh rud ar bith. Dá mbeifeá féin i mbun na heitleoige, bheadh sí faoi smacht agat, agus choinneofá in airde sa spéir í. Tá a fhios agam go gcoinneofá. Bheadh ciall agat, rud nach raibh agamsa, agus ní thiocfadh

an eitleog anuas de phlab ar thaobh an bhealaigh mhóir. Is dócha nach dtiocfadh sí anuas ar chor ar bith. Tá tusa níos fearr ná duine ar bith sa tsráidbhaile, ar domhan, a Mahmoud i mbun na n-eitleog. Tá a fhios ag gach duine é sin. Ba chóir duitse a bheith i mbun na heitleoige, ní mise. Ní tharlódh sé dá mbeifeá, agus ní bheadh ort rith síos an cnoc le í a thógáil. Agus ach go bé go ndeachaigh tú ansin ...

3ú Bealtaine

10.30 i.n. Sráidbhaile Addulah.

Ar dhíon an tí chéanna.

Oíche réaltógach eile.



Tá biseach mór ar mo mhurnán. An bata siúil a chuidigh leis. Ní bheinn ábalta rud ar bith a dhéanamh inniu gan é. Níl a fhios agam go fóill cé acu duine den teaghlach a shocraigh dom é. Tháinig sé chugam mar a bheadh míorúilt ann. Nuair a mhúscail mé, bhí sé díreach ansin ag taobh na leapa. Tá na daoine seo cineálta, thar a bheith cineálta. Lá fada. Lá maith. Lá tábhachtach. Ach lá brónach a bhí ann fosta. Tá mé tuirseach. Cuireann sé tuirse

ort a bheith ag siúl thart go bacach an lá ar fad mar a bheadh Long John Silver ann, ach sílim, le fírinne, go bhfuil mé ag déanamh an scannáin is fearr dá ndearna mé riamh. Is doiligh cuimhneamh ar gach rud a tharla, ach déanfaidh mé iarracht. Lá a bhí ann nár mhaith liom dearmad a dhéanamh air go deo na ndeor.

Bhí mé i mo shuí roimh éirí na gréine agus chuaigh mé liom féin síos isteach sa ghleann. Ba mhaith liom éirí na gréine os cionn an bhalla a scannánú. Bhí mé ag iarraidh lá iomlán san áit seo a fháil ar







scannán, ó éirí go luí na gréine. I ndiaidh dom éirí na gréine a scannánú, dhreap mé an cnoc arís, sa dóigh go dtiocfadh liom seat fada a fháil den bhalla ó áit go díreach faoin tsráidbhaile – bhí mé ag iarraidh go mbeadh an balla le feiceáil sa tseat díreach mar a bhíonn sé le feiceáil ag muintir an tsráidbhaile gach lá. Lean mé an balla leis an cheamara an bealach ar fad suas trí gharrán na gcrann olóige agus thar bharr an chnoic chuig an lonnaíocht thall, áit a mbíonn an bhratach ar foluain. Agus mé ag amharc air, tuigim gur mhaith liom an balla a fheiceáil ón taobh eile fosta. An mothaíonn siadsan mar a bheadh siad i bpríosún thall mar gheall ar an bhalla, chomh mór céanna

go díreach agus a mhothaíonn na daoine ar an taobh seo? Caithfidh mé an scéal a fhiosrú. Bhí madaí ag tafann ar a chéile ón dá thaobh, bhí na coiligh ag scairteadh agus bhí na hasail ag béiceach.

I ndiaidh an bhricfeasta d'imigh mé le Said agus a chuid caorach. Bhí Said ag iompar cuid de mo chuid trealaimh chomh maith lena eitleog a raibh an tsreang agus an roithleán ceangailte di anois. Ba é sin an chéad uair a mhothaigh mé go raibh rud éigin scríofa in Araibis ar thaobh amháin den eitleog, ach ní raibh a fhios agam an chiall a bhí leis, agus ní thiocfadh liom ceist a chur air. Shíl mé go mb'fhéidir nach mbeadh sé ábalta a eitleog a chur in airde



sa spéir an lá sin cionn is nach raibh gaoth ar bith ann.

Cúpla uair an chloig ina dhiaidh sin, áfach, agus mé i mo shuí faoi chrann na n-eitleog agus na caoirigh ag ithe féir i measc na gcarraigeacha, mhothaigh mé go tobann séideán gaoithe. D'éirigh Said ina sheasamh láithreach. Rith sé amach ar an tsiabh. Sheas sé ansin ar feadh tamaill, agus a cheann in airde. Bhí mé á scannánú ón áit a raibh mé faoi scáth an chrainn. Sílim go raibh a fhios aige sin, ach faoin am sin, ní raibh aird ar bith aige orm ná ar an cheamara. Ba léir go raibh sé dírithe ar an rud a bhí ar a intinn. Ansin thiontaigh sé thart agus chroith sé lámh orm. Bhí

sceitimíní air. Rith sé anall chugam, bhain sé mo cheamara díom agus chuir ar crochadh ar an chrann é. Tharraing sé mé i mo sheasamh.

Chuir sé an roithleán i mo lámha, thaispeáin sé dom cad é a bhí le déanamh, agus chuaigh sé amach a rith ar thaobh an tsléibhe agus a eitleog leis. D'amharc mé air agus an eitleog go hard san aer aige. Bhí sé á scaoileadh, agus ansin tháinig an ghaoth lena seoladh in airde sa spéir. Chuir a háilleacht mé faoi dhraíocht agus chuir an radharc ar aghaidh Said gliondar orm. Bhain sé an roithleán díom, thug sé an tsreang dom agus lig sé dom í a smachtú. Ba ag an bhomaite sin a mhothaigh







mé féin an t-aoibhneas céanna a bhí airsean. Bhí an eitleog ar bharr na gaoithe agus í ag dul suas agus suas in airde sa spéir, í ag broideadh ar an tsreang ag iarraidh a bheith saor, ag iarraidh dul suas níos airde. Bhí Said ag léim suas agus lúcháir mhór air ag amharc ar an eitleog ag teacht anuas go tobann agus ar foluain os ár gcionn. Pléisiúr ó aimsir m'óige a bhí ann a raibh dearmad déanta agam air. Rinne mé mar seo é le m'athair nuair a bhí mé i mo ghasúr – bhain mé triail as le Jamie cúpla uair, ach ní raibh an ghaoth láidir go leor in am ar bith, nó b'fhéidir gurbh é go díreach nach raibh muid maith go leor aige. Bhí sé seo thar barr. Bhí an eitleog beo ag deireadh na

sreinge, agus í ag baint an tsuilt chéanna as agus a bhí mé féin. Ach roimh i bhfad, bhí Said ag tarraingt ar mo lámh. Ba mhaith leis féin greim a fháil ar an tsreang arís. Bhí mé go díreach ag éirí cleachta leis, agus ní mó ná sásta a bhí mé go raibh orm an eitleog a thabhairt ar ais dó. Ach ní raibh an dara rogha ann.

Bhí Said iontach maith ina bhun. Thiontaigh an eitleog bealach amháin agus ansin bealach eile gach uair a chas sé an tsreang. Nuair a bhog sé na méara, bhí sí ag tumadh agus ag rince. Bhí mé faoi gheasa. Ach i ndiaidh tamaill chuimhnigh mé ar an chúis ar tháinig mé anseo, agus ar ról an tuairisceora. Bhí orm an gasúr agus an

eitleog a fháil sa tseat chéanna, agus mar sin de, bhí orm bogadh siar siar agus giota maith talaimh a chur idir iad agus mé. Thóg mé mo cheamara agus thosaigh mé a scannánú. Ní raibh mé ag iarraidh pictiúr chomh galánta sin a chailleadh. Dhírigh mé mo cheamara ar an eitleog agus í ar foluain, agus lean mé í go dtí go raibh an balla le feiceáil sa chúlra. Dhírigh mé mo sheat ar an bhalla agus lean mé é thar bharr an chnoic. Ansin zúmáil mé an lionsa air agus ar an lonnaíocht thall, agus ar an bhratach bhán ghorm ar foluain ansin.

Ba é sin an uair a thug mé faoi deara go raibh roinnt páistí ar an tsráid thíos, agus iad ag imirt peile. Nuair a scóráil duine

acu cúl, chonaic mé go raibh baill foirne amháin ag cur locht ar a chéile agus go raibh an fhoireann eile ag dul thar fóir leis an cheiliúradh. Bhí mé ag smaoineamh go bhfuil an scéal mar sin gach áit ar domhan. Nuair a dhírigh mé mo cheamara ar Said arís, bhí an chuma air go raibh a aird ar fad ar an eitleog. Níl a fhios agam cén dóigh, ach sílim go raibh a fhios agam cad é a bhí sé ar tí a dhéanamh. Mar sin de, nuair a tharla sé níor chuir sé a oiread sin iontais orm. Scaoil sé an greim a bhí aige ar an eitleog. Rinne sé d'aonturas é. Lig sé don ghaoth í a thabhairt léi. Chuir sé a lámh in airde amhail is go raibh sé ag scaoileadh saor éan a bhí faoi ghlas agus ag

tabhairt a shaoirse dó. Seoladh an eitleog in airde sa spéir, í ar snámh ansin tamall go dtí go bhfuair an ghaoth greim uirthi arís. D'iompair an ghaoth í thar gharrán na gcrann olóige, thar an bhalla agus suas i dtreo na lonnaíochta ar bharr an chnoic thall.

Mhóthaigh mé Said ag tarraingt go láidir ar mo mhuinchille. Bhí sé ag iarraidh an ceamara a fháil uaim. Níorbh é go díreach go raibh sé ag iarraidh triail eile a bhaint as scannánú. Bhí rud éigin níos práinní le feiceáil ina shúile an iarraidh seo. Mar sin de thug mé an ceamara dó. Bhí sé ag amharc tríd an lionsa ar an lonnaíocht thall. Chonaic mé láithreach cad é air a

raibh a aird dírithe. Bhí girseach ina suí ar rothchathaoir. Bhí sise ag stánadh ar an eitleog agus í ag teacht anuas. Nuair a tháinig an eitleog go talamh, chuaigh sí anonn ina rothchathaoir agus thóg sí í. Bhí scairf ghorm ar a ceann. Ar feadh tamall gairid shuigh sí ansin ag amharc orainn ón taobh eile den bhalla agus greim aici ar an eitleog, í ag cosaint a súl ar an ghrian. Rith na peileadóirí anonn chuici. Sheas siad ansin, gach duine acu, ag stánadh orainn ón taobh eile den bhalla. Thug Said an ceamara ar ais dom, agus ansin thosaigh sé a chroitheadh a dhá lámh san aer. Níor



chroith aon duine ach an ghirseach lámh ar ais air, agus an eitleog ina lámh aici os a cionn. Bhí na peileadóirí ag imeacht leo i ngach treo faoin am seo. Lean an bheirt ar aghaidh ag croitheadh láimhe ar a chéile ar feadh roinnt bomaití, fada go leor le deis a thabhairt dom iad a fháil ar scannán. Bhí an chuma orthu nach raibh siad ag iarraidh deireadh a chur leis.

Ar an bhealach ar ais chuig an tsráidbhaile an tráthnóna sin leis na caoirigh, tháinig muid ar Uncail Yasser agus é ag baint na bpónairí. Stad mé agus d'fhiafraigh mé de an mbeadh cead agam é a scannánú, agus é ag dul dá chuid oibre. Chroith sé a ghuailí. “Níl mórán ann le

scannánú,” a d’inis sé dom. “Níl mórán pónairí ann, ach ní bhíonn in am ar bith. Ní bhíonn go leor uisce ann in am ar bith, sin an fhadhb. Thóg siadsan an chuid is mó de. Agus thóg siad an talamh is fearr a bhí againn. Ní fhágann siad ach an dusta againn le pónáirí a fhás. Mar sin de cad é a thig linn a dhéanamh?” Bhí sé ag amharc ar Said agus é ag siúl ar aghaidh isteach sa tsráidbhaile. “Feicim gur lig sé dá eitleog imeacht léi. Lig sé di imeacht. Caithfidh sé go raibh cóir ghaoithe ann. Ní choinníonn sé a chuid eitleog in am ar bith, ní choinníonn sé ceann ar bith acu. Is é an rud a dhéanann sé go díreach ná ceann eile a dhéanamh, fanann sé leis an ghaoth anoir

agus seolann sé suas sa spéir í. An bhfaca tú an rud a scríobhann sé ar a chuid eitleog? *Salaam*. Ciallaíonn sin ‘síocháin’. Agus scríobh sé a n-ainmneacha ar gach ceann acu, Mahmoud agus Said.” Níor shíl mé go mbeadh sé chomh cainteach sin liom.

“Cá mhéad acu atá seolta suas sa spéir aige?” a d’fhiafraigh mé de.

“Níl muid cinnte. Agus ní thig leis sin a insint dúinn, ar ndóigh. B’fhéidir ceann amháin in aghaidh na seachtaine ó fuair Mahmoud ... agus tharla sé sin beagnach dhá bhliain ó shin anois.”

Mhóthaigh mé go mbeadh sé ceart go leor an cheist a chur, cionn is gur shíl mé

go raibh sé ag iarraidh é a insint dom. “Cé hé Mahmoud? Cad é a tharla?” D’amharc sé idir an dá shúil orm ar feadh tamall fada. Mhothaigh mé ansin go raibh mé i ndiaidh dul rófhada, go raibh mé rófhiosrach, go raibh mé ag cur brú air. Stad mé den scannánú mar shíl mé gurbh é sin an rud a bhí sé a iarraidh.

“Ná stad,” ar seisean go sollúnta. “Caithfidh tú é seo a scannánú. Tá mé ag iarraidh go gcluinfidh gach duine ar domhan scéal Mahmoud, faoin dóigh ar mhair sé agus faoin dóigh ar maraíodh é. Is cara le Said thú. Sílim go bhfuil muinín aige asat. Sílim gur mhaith leis go mbeadh a fhios agat. Is é Said an t-aon duine amháin

a bhfuil an scéal iomlán aige. Bhí seisean ann. Chonaic sé lena dhá shúil é.” Bhí mé á scannánú arís faoin am seo.

“Deartháir mór le Said a bhí in Mahmoud. Bhí an-dúil aige sna heitleoga. Bhí an-dúil aige na heitleoga a sheoladh in airde sa spéir, agus is i gcuideachta Said i gcónaí a bhí sé. Tharla sé dhá bhliain is an t-am seo an tseachtain seo chugainn, Dé Luain seo chugainn – sular thóg na fórsaí forghabhála an balla. Bhí a fhios agam go mbeadh trioblóid ann an lá sin, bhí a fhios againn uilig. Rinneadh ionsaí ar charr duine amháin de chuid na lonnaitheoirí, níos faide thíos sa ghleann. Chuala muid gur maraíodh bean, agus gur tugadh a hiníon

chuig an otharlann agus a cosa gortaithe go dona. Bhí seans ann go bhfaigheadh sise bás fosta. Mar sin de, dúirt muid leis na páistí uilig sa tsráidbhaile: is am contúirteach é seo, caithfidh sibh fanacht taobh istigh, tá gach duine níos sábháilte taobh istigh má thagann na saighdiúirí. Ach, cosúil lena athair, gasúr ceandána a bhí in Mahmoud, agus d'éirigh sé feargach liom nuair a d'inis mé dó nach dtiocfadh leis dul amach leis na



caoirigh agus nach dtiocfadh leis a bheith ag súgradh lena eitleoga. D’inis sé dom go raibh ar na caoirigh dul amach, agus go mbeadh sé ag súgradh lena eitleoga cibé áit agus cibé am ar mhaith leis sin. Dúirt sé gur chuir siad a athair i bpríosún agus nach ligfeadh sé dóibh é féin a chur i bpríosún ina theach féin, nach rachadh sé i bhfolach mar a bheadh meatachán ann. Ba iad sin na focail dheireanacha a labhair Mahmoud liom.

“Agus mar sin de, d’imigh an bheirt acu agus na caoirigh leo. Am ar bith ar imigh Mahmoud amach, bhí Said i gcónaí ag iarraidh a bheith leis. Rinne a máthair iarracht iad a stopadh fosta. Níor éist siad léi.

“Uair an chloig ina dhiaidh sin, b’fhéidir, chuala muid héileacaptar ag eitilt go híseal os cionn an tsráidbhaile. Chuala muid na gunnaí. Nuair a bhí deireadh leis an scaoileadh, rith muid uilig amach. Chonaic muid Mahmoud ina luí ag bun an chnoic, in aice leis an bhealach mhór. Bhí Said ina chuideachta, agus ceann Mahmoud ar a ucht aige. Nuair a bhain muid an áit amach, bhí a shúile oscailte, ach bhí sé marbh. Chuir muid ceist ar Said cad é a tharla. Ach ní thig leis insint dúinn. Ón bhomaite sin, níor labhair sé focal. Le cuidiú Dé, labhróidh sé. Le cuidiú Dé.” Bhí tocht ina ghuth. D’amharc sé ar shiúl uaim, ag iarraidh smacht a choinneáil air

féin. Bhí mé féin ag iarraidh smacht a choinneáil ar mo chuid mothúchán. Ní raibh sé de mhisneach agam ceist ar bith eile a chur air. Ach nuair a d’amharc sé orm arís, thiocfadh liom a fheiceáil go raibh sé réidh le níos mó a insint dom.

“Sheol Said a chéad eitleog anonn an lá dár gcionn, an lá a cuireadh Mahmoud. An bhfuil a fhios agat cén fáth a seolann sé a chuid eitleog anonn? Ní thig leis a insint dúinn ar ndóigh, ach síleann muidne go n-amharcann Said ar gach eitleog a thagann anuas ar an taobh eile sa lonnaíocht mar shíol. Fásfaidh cairdeas as an tsíol sin, dar leis. Is é sin an fáth a scríobhann sé *salaam* ar gach ceann acu. Síleann muid go bhfuil

sé dóchasach agus go gcreideann sé go seolfaidh siadsan na heitleoga ar ais lá éigin, agus go mbeidh gach rud ceart go leor. Síleann sé go dtiocfaidh a athair abhaile ón phríosún, go bhfásfaidh cairdeas ar dhóigh éigin, go gcuirfear deireadh leis an mharú uilig, agus go mbeidh síocháin ann. Is iad eitleoga Said eitleoga na síochána. An bhfuil a fhios agat cad é an bharúil atá agam féin? Tabhair cead dó brionglóid mar sin a bheith aige. Níl aon rud eile aige. Gheobhaidh sé amach luath nó mall an cineál daoine atá iontu thall. Cluineann sé é minic go leor ó dhaoine. Más Seanuncail Geabaire féin mé, tá a fhios agam nuair is binn béal ina thost. Tabhair cead dó a

bhrionglóid a bheith aige, is é sin an rud a deirim, tabhair cead dó a bhrionglóid a bheith aige.”

“Ach cad é faoin ghirseach?” a d’fhiafraigh mé de. “An ghirseach a chaitheann an scairf ghorm, an ghirseach ar an rothchathaoir. Thóg sise eitleog Said. Chroith sí lámh air. Chonaic mé í. Bhí sí ag iarraidh a bheith cairdiúil. Tús atá ann, is cinnte gur tús atá ann.”

Ní raibh sé ag éisteacht leis sin ar chor ar bith. “Chonaic mé an ghirseach sin. Chonaic muid uilig í,” ar seisean. “Tá sise beo, nach bhfuil? Inis dom, ní rud mór é do lámh a chroitheadh. Ní thig leo an phian uilig a dhéanamh níos lú le croitheadh

láimhe. Is duine den lucht forghabhála í, nach ea? Is den dream forghabhála uilig iad. Tá gach duine den lucht forghabhála mar an gcéanna.”

Chaith mé an tráthnóna i dteach an teaghlaigh, ar mo ghlúine le Said, ag cuidiú leis a eitleog nua a dhéanamh agus gach duine eile ag amharc orainn. D’amharc mé idir an dá shúil air ó am go ham. Sílim go bhfuil cuid mhór taobh istigh de atá sé ag iarraidh a insint dom nach dtig leis a



insint dom. Feicim ina shúile gur duine é a chreideann go daingean ina bhrionglóid, agus tá a fhios agam gur mhaith leis mise í creidiúint inti fosta. Ba mhaith liom, ach tá sé sin an-doiligh dom. Sílim go mothaíonn sé go bhfuil amhras orm. Tá súil agam nach mothaíonn.

Ba chóir dom scairt a chur ar mo theaghlach sa bhaile inniu, ach tá sé rómhall anois. Cibé ar bith, ní ligfidh an brón dom labhairt leo agus bheadh sé ródheacair an saol atá ann anseo a mhíniú ar an ghuthán. Amárach, labhróidh mé leo amárach. Tá mé cinnte de rud amháin. Nuair a bheas mé ag scannánú an bhalla ón taobh eile, beidh mé ag scannánú sa lonnaíocht. Caithfidh

mé dul go dtí an áit a seolann Said a chuid eitleog chuici. Tá mé ag dul a dhéanamh mo dhíchill bualadh leis an ghirseach sin ar an rothchathaoir, agus labhairt leis na páistí sin a bhí ag imirt peile. Caithfidh mé an scéal iomlán a chluinstin agus a fheiceáil, an scéal mar atá sé ar an dá thaobh. Tá gach rud chomh ciúin leis na réaltaí thuas ansin, agus chomh hálainn le síocháin. Am luí. Oíche mhaith, a Jamie. Oíche mhaith, a Penny.



Hóigh, a Mahmoud? An bhfuil tú
Hann, a Mahmoud? An bhfuil tú ag
éisteacht? Chroith mé lámh ar an ghirseach,
a Mahmoud, agus chroith sí lámh ormsa
fosta. Sin nócha a ceathair dár gcuid eitleog
atá aici anois. A Mahmoud? A Mahmoud?
Fanfaidh tú liom, nach bhfanfaidh? Níl
mé ag iarraidh dul a chodladh. Níl mé

ag iarraidh go dtiocfaidh an tromluí orm arís. Tá mé ag iarraidh fanacht múscailte agus labhairt leatsa. Ná himigh uaim. Tá a fhios agat go bhfuil eagla orm roimh an dorchadas. Tá a oiread sin scéalta agam le hinsint duit.

Bhí mé ag seoladh na heitleoige suas sa spéir leis an Uasal Max inniu. Bhí sé gan mhaith. Bhí sé ag déanamh praiseach cheart de, agus níor mhaith liom go dtiocfadh sí anuas go tobann. Mar sin de, thóg mé uaidh í sa deireadh, agus thaispeáin mé dó an dóigh lena dhéanamh. Dá bhfeicfeá mé. Chuaigh sí suas chomh hard sin. Tá mé á rá leat, as radharc ... bhuel, beagnach. Ní bheidh tú ag iarraidh an chuid seo

a chluinstin, ach tá mé chomh maith leatsa ag seoladh na n-eitleog in airde sa spéir ... bhuel, beagnach. Cibé ar bith, tá mé cinnte de rud amháin, tá mé i bhfad níos fearr aige ná mar atá an tUasal Max. Tá sé ceart go leor ar an roithleán. Ní gá dom ach mo cheann a chlaonadh leis agus scaoileann sé beagán eile í. Tá sé rud beag fadálach. An t-am deireanach ar sheol mé eitleog in airde sa spéir le duine éigin, leatsa a bhí sé, a Mahmoud. An lá sin a bhí ann, a Mahmoud. An bhfuil cuimhne agat air? Ó, a Mahmoud, níl mé ag iarraidh cuimhneamh air, ach níl neart agam air. Tá an tromluí ag teacht orm arís, mar a bheadh poll dubh ann ag fanacht liom agus



tá mé ag titim isteach ann. A Mahmoud! A
Mahmoud! Cuidigh liom!

Tá mé ag seoladh na heitleoige suas sa
spéir agus tá mé ag baint an-sult as. Tá an


roithleán agat, agus tá tú ag caint go fóill faoin dóigh a ndearna Seanuncail Geabaire iarracht muid a choinneáil taobh istigh, faoin dóigh ar linn féin an taobh sléibhe seo, faoin dóigh nach dtiocfadh le duine ar bith cosc a chur orainn ár n-eitleoga a sheoladh in airde sa spéir. Ní thiocfadh le Seanuncail Geabaire, ní thiocfadh leis na saighdiúirí, ní thiocfadh leis na tancanna, ní thiocfadh le duine ar bith. Níl mé ag éisteacht leat mar is ceart, cionn is go bhfuil mé ag iarraidh m'aird iomlán a dhíriú ar an eitleog. Tá ag éirí go maith liom fosta, an eitleog a tharraingt anuas de ruathar agam, chomh gasta céanna leatsa. Thig liom í a tharraingt chomh gasta sin go dtig liom

feadaíl na gaoithe a chluinstin agus í ag dul thart os ár gcionn mar a bheadh splanc ann. Agus tá mé ag gáire, ag gáire ag amharc uirthi thuas san aer agus í ag luascadh agus ag teacht anuas de ruathar. Tá mé ag gáire go fóill nuair a athraíonn feadaíl na gaoithe atá ag teacht ón eitleog go fuaim eile mar a bheadh toirneach ann. Fuaim a phreabann i mo chluasa, agus ní thuigim cén fáth. Ní thuigim go dtí go bhfeicim an héileacaptar ag éirí aníos thar bharr an chnoic taobh thiar dinn, agus é chomh cóngarach sin dúinn, chomh cóngarach go bhfuil sé chóir a bheith ag bualadh bharr chrann na n-eitleog. Tá na caoirigh trína chéile, a Mahmoud.

Tá fearg ortsa, a Mahmoud. Tá tú ag béicíl in ard do chinn leis an héileacaptar, ag tógáil cloiche agus á caitheamh, ansin ag tógáil ceann eile agus ceann eile. Tá an héileacaptar go díreach os ár gcionn, agus tá sé dár séideadh siar, agus tá an eitleog ag imeacht ó smacht uaim. Tá sé ag teacht anuas de ruathar i dtreo an bhóthair agus é ag bualadh in éadan na gcarraigeacha. Tá tú ag scairteadh orm fanacht san áit a bhfuil mé, agus ansin feicim thú ag rith síos an cnoc i ndiaidh na heitleoige. Tá mo lámha ar mo chluasa agam agus tá mé ag caoineadh mar tá a fhios agam cheana féin go bhfuil rud éigin uafásach ag dul a thitim amach. Feicim an tanc ag teacht thart ar

an choirnéal ar an bhóthar sula bhfeiceann tusa é. Tá mé ag béicíl ort in ard mo chinn, a Mahmoud, ag iarraidh tú a chur ar an eolas faoin chontúirt, ach ní chluineann tú mé.

Tá tú ag cromadh síos thar an eitleog anois, agus ansin amharcann tú suas agus feiceann tú an tanc. Tá a fhios agam cad é atá tú ag dul a dhéanamh, agus tá a fhios agam nach dtig liomsa rud ar bith a dhéanamh le tú a stopadh. Tá tú róthógtha. A Mahmoud! A Mahmoud! Ná caith í? Ach caitheann tú í. Ritheann tú chuig an tanc, tú ag scairteadh agus ag béicíl in ard do chinn air, agus ag caitheamh cloch leis. Ní stopann tú fiú nuair a scaoileann siad na



gunnaí. Ní stopann tú ach nuair a thiteann tú, agus nuair a thiteann tú, tá tú i do luí gan corraí.


Insíonn na saighdiúirí dom go ndearna siad meancóg. Deir siad gur scaoil siad na gunnaí le rabhadh a thabhairt duit. Deir siad go bhfuil brón orthu. Tá duine de na saighdiúirí ag caoineadh, ach níl mise ag dul a bheith ag caoineadh níos mó, ní os a gcomhair. Tá fuil ann. Tá a oiread sin



folá ann. Tá tú ag déanamh do dhíchill rud éigin a insint dom. “Deisigh an eitleog, a Said. An gcluineann tú mé? Deisigh an eitleog.”

Cluinim, cluinim thú. Deiseoidh mé an eitleog. Ansin déanfaidh mé ceann eile agus ceann eile. Geallaim duit. Geallaim duit.

Tá mé go fóill ag gealladh duit nuair a imíonn an solas as do shúile, a Mahmoud.



Tá tú ag amharc orm ach níl tú ábalta mé
a fheiceáil.

• • •

Ach níl tú marbh, a Mahmoud. Ní
thabharfaidh mé cead duit a bheith
marbh. Domsa, ní bheidh tú marbh
choíche. Cluinim do ghuth i mo chluasa.



Tá a fhios agam go bhfuil tú ann nuair a labhraím leat. Mothaím go bhfuil tú ann i ngach eitleog a dhéanaim. Nuair a théann siad in airde sa spéir, téann tusa in airde sa spéir leo. Nuair a théann tú in airde sa spéir leo bíonn tú beo. Bíonn tú thuas ag amharc anuas orm, ag fanacht le cóir ghaoithe,

leis an am cheart leis an bhrionglóid a dhéanamh fíor. Ba mhian liom go dtarlódh sin roimh i bhfad. Tá a fhios agam go dtarlóidh, ach ba mhaith liom go dtarlódh sé gan mórán moille. Tá mé ag iarraidh go bhfeicfidh an tUasal Max lena shúile féin í. Ní chreideann sé inti anois, ach creidfidh sé inti ansin. Ní bheidh an dara rogha ann, an mbeidh? Creideann an ghirseach a chaitheann an scairf ghorm ar a ceann sa bhrionglóid, tá a fhios agam sin. Ná fiafraigh díom cén dóigh, ach tá a fhios agam go gcreideann. Bíonn sí ann gach lá, ina suí taobh amuigh ar a rothchathaoir ag amharc orm ag seoladh na n-eitleog in airde sa spéir. Bíonn sí ag fanacht leis

an am cheart. Is í an ghirseach chéanna í ar chroith tú lámh uirthi. Ní raibh sí ar an rothchathaoir an t-am sin, ní go dtí i ndiaidh an ama sin. Mar sin de, caithfidh sé gurb í sin í, an ghirseach a gortaíodh sa luíochán an lá sin thíos ar an bhóthar, an ghirseach ar maraíodh a máthair. Tá déshúiligh aici. Feicim solas na gréine ag soilsíú orthu in amanna. Tá mé cinnte go bhfuil a fhios aici cé mise, gur mise do dheartháirín. Má tá a fhios agam cé hí, cad chuige nach mbeadh a fhios aici cé mise?

Caithfidh sé gurb é a hathair a thugann amach faoin ghrian gach lá í ar an rothchaothair. Is é a hathair a scrúdaíonn na coscáin ar an rothchathaoir agus a fhágann

ansin í. In amanna, caithfidh sé gurb é a deartháir a thagann amach ina gcuideachta. Imíonn sé leis ansin le peil a imirt lena chairde. Ach ní bhíonn sise ag amharc ar an pheil. Amharcann sí ormsa, agus ar mo chuid eitleog, agus amharcaim uirthi. Croitheann muid lámh ar a chéile fosta nuair a sheolaim eitleog thar an bhalla. Le roinnt míonna anuas tá sí níos fearr ag dul thart ar an rothchathaoir gan cuidiú ar bith. Mar sin de, sílim go bhfuil sí ag éirí níos láidre gach lá. Bíonn muid inár suí ansin ag amharc ar a chéile thar an bhalla; mise i mo shuí faoi scáth chrann na n-eitleog, ise ina suí sa ghort thíos faoin lonnaíocht. Tá rud éigin aisteach ag tarlú eadrainn, a

Mahmoud. Mar dá mhéad a amharcann muid trasna ar a chéile, is amhlaidh is mó a smaoiním go bhfuil ár gcuid smaointe ag eitilt chuig a chéile thar an bhalla. Nuair a bhím ag smaoineamh ort, a Mahmoud, tá a fhios agam go mbíonn sise ag smaoineamh ortsa fosta. Tá sé an-aisteach ar fad, tá a fhios agam sin, ach mothaím go bhfuil a fhios agam cad é air a mbíonn sí ag smaoineamh in amanna. Agus níos aistí arís, tá a fhios aici cad é air a mbím féin ag smaoineamh. Tá a fhios aici an bhrionglóid atá agam. In amanna bím ag smaoineamh go raibh an bhrionglóid sin aici sula raibh sí agam, b'fhéidir. B'fhéidir go raibh sí againn ag an am chéanna. Is é an t-aon rud

amháin a bhfuil mé cinnte de, go bhfuil an bhrionglóid chéanna againn. Ná fiafraigh díom cén dóigh a bhfuil a fhios agam.

Hóigh, a Mahmoud, ba mhaith liom gach rud a insint don Uasal Max faoi mo bhrionglóid agus faoin ghirseach ar an rothchathaoir. Ba bhreá liom a bheith ábalta labhairt arís. Tá mé ag iarraidh gach rud fútsa a insint dó, a Mahmoud, agus faoin tsaighdiúir a bhí ag caoineadh nuair a chonaic sé cad é a bhí déanta aige. D'inseodh sé an fhírinne do gach duine ar domhan ar an teilifís, agus ansin bheadh a fhios ag gach duine cad é a tharla duit an lá sin. Dá dtuigfeadh daoine an dochar

a dhéanann urchair, b'fhéidir go mbeadh deireadh leis an troid. Beidh an tUasal Max ag imeacht roimh i bhfad, amárach a deir sé, má bhíonn biseach iomlán ar a mhurnán. Tá súil agam nach mbeidh biseach air. Ba mhaith liom é fanacht. Cronóidh mé é nuair a imeoidh sé, é féin agus a cheamara. Ach geallaim dom féin, a Mahmoud. Tá cinneadh déanta agam anois gur mhaith liom scannáin a dhéanamh nuair a fhásfaidh mé aníos mar a dhéanann sé féin. Tá gach rud oibrithe amach agam. Mura dtig liom labhairt, inseoidh mé ár scéal i scannán ciúin, do scéal, a Mahmoud, scéal ár sráidbhaile, scéal ár gcuid eitleog, scéal an bhalla agus na lonnaíochta, scéal

na girsí a chaitheann an scairf ghorm ar a ceann agus a chroitheann lámh orainn. Inseoidh mé an scéal do gach duine faoin tromluí a thagann orainn agus faoinár mbrionglóid agus faoin dóigh a gcuirfidh muid an bhrionglóid chéanna i ngníomh lá éigin. Is é mo scéal féin é, is é scéal na girsí é. Le chéile, déanfaidh muid cinnte de go mbeidh níos mó ná brionglóid i gceist.

Tá mé ag dul a chodladh anois. Deireadh leis na tromluithe, gan ann ach brionglóidí. Slán codlata agat, a Mahmoud. Codladh sámh.

4ú Bealtaine

*Ar an bhus le cuairt
a thabhairt ar an
lonnaíocht.*



I ndiaidh an méid a tharla inniu, ní raibh mé riamh ag dúil le bualadh le duine a oiread agus atá mé ag iarraidh bualadh leis an ghirseach sin a chaitheann an scairf ghorm ar a ceann. Mar sin de, sin go díreach an rud atá mé ag dul a dhéanamh anois, labhairt léi lena scéal féin a fháil amach. Bóthar measartha míchothrom atá ann, ach caithfidh mé iarracht a dhéanamh é seo a bhreacadh síos anois, nuair atá sé go fóill úr i m'intinn. Má smaoiním níos

mó air, beidh mé den bharúil, b'fhéidir, nár tharla rud ar bith, nach raibh ann ach brionglóid.

Nuair a mhúscaíl mé ar maidin mhothaigh mé go raibh biseach mór ar mo mhurnán agus go raibh sé níos láidre. Bhí sé lag, ach bhí an chuid is mó den phian imithe. Mar sin de, ní raibh an croisín de dhíth orm níos mó, ba leor an bata siúil. D'fhág mé slán ag an teaghlach i ndiaidh an bhricfeasta. Tiocfaidh mé ar ais le iad a fheiceáil arís nuair a bheas an scannán ar fad críochnaithe agam. Ba mhaith liom é a thaispeáint dóibh. Ba mhaith liom iad a thuiscint gur inis mé an fhírinne, gur inis mé an scéal mar atá sé, mar a tharla

sé. Bhí an teanga ina fhadhb,
agus tá a fhios agam go
gcuirfidh sin isteach ar an
scannán. Mhóthaigh mé
gan mhaith gan úsáid nuair
nach raibh Uncail Yasser
ann le rudaí a aistriú dom.



Ach níor mhóthaigh mé riamh ciotach i
gcuideachta Said.

Bhí an teaghlach ar fad ann le slán
a fhágáil agam nuair a d'fhág mé an
sráidbhaile ar maidin i gcuideachta Said
agus a chuid caorach. Agus muid ag dul
síos an cnoc, fuair Said greim láimhe orm
agus bhí a fhios agam go raibh níos mó
i gceist ná go díreach le cuidiú liom thar

na carraigeacha. Bhí na smaointe céanna againn. Ba chairde muid, cairde maithe. Ní raibh mé ag iarraidh imeacht, agus ní raibh seisean ag iarraidh orm imeacht. Bhí fonn dreapadóireachta ar na caoirigh, agus idir a gcloigíní agus iad ag méileach, bhí an callán sin le cluinstit thart orainn agus muid ag siúl. Shuigh muid le chéile faoi scáth an chrainn olóige. Thug Said fráma a eitleoige leis, ach ní raibh fonn air a bheith ag obair uirthi. Bhí an chuma air go raibh sé faoi ghruaim. Bhí sé ag amharc amach trasna an ghleanna, thar an bhalla i dtreo na lonnaíochta thall. Bhí asal ag béiceach go cráite áit éigin in aice linn, é ag éirí an-tógtha agus cuma anróiteach air. Shocraigh

mé gurbh fhearr slán a fhágáil aige gan scéal mór fada a dhéanamh de. Leag mé mo lámh ar a ghualainn, agus lig mé di fanacht ansin ar feadh cúpla bomaite. Bhí muid beirt róbhuartha le slán a fhágáil ag a chéile ar dhóigh ar bith eile. D'éirigh mé, thóg mo mhála droma agus mo chuid trealaimh, agus d'fhág ina shuí ansin é.

Nuair a d'amharc mé siar tamall beag ina dhiaidh chonaic mé go raibh Said gnóthach lena eitleog. Shíl mé go stopfainn agus go bhfaighinn ar cheamara é, an seat foirfe le deireadh a chur leis an scannán, go díreach an rud a bhí de dhíth orm. Bhí mé go díreach réidh le tús a chur leis an scannánú, nuair a sheas Said de léim. Bhí

na caoirigh ag rith ar shiúl uaidh i ngach treo agus scaip siad ar fud an tsléibhe.

Ba ansin a chonaic mé na heitleoga. Bhí an spéir os cionn na lonnaíochta lán díobh, cuid mhór acu, de gach dath agus cruth, cailéideascóp d'eitleoga. Bhí siad ag damhsa agus ag luascadh thart ar a chéile mar a bheadh feileacáin ann agus iad ag dul in airde sa spéir. Chuala mé scairteanna gáire, ag teacht ón taobh eile den bhalla. Chonaic mé an scaifte páistí bailithe ansin, agus eitleog san aer ag gach duine acu. Bhuail cuid de na heitleoga in éadan a chéile agus thit siad go talamh, iad ag teacht anuas ar nós bíse, ach chuaigh an chuid is mó acu suas go grástúil sa spéir.

Bhí muintir na lonnaíochta ag rith amach as a gcuid tithe le hamharc orthu. Ansin, ceann i ndiaidh an chinn eile, scaoileadh na heitleoga saor agus ligeadh dóibh eitilt ar an ghaoth, agus d'iompair an ghaoth iad thar an bhalla inár dtreo.

Tháinig na daoine amach as a gcuid tithe i sráidbhaile Said fosta taobh thiar dinn agus na heitleoga ag teacht anuas inár measc, agus i measc na gcaorach fosta a raibh eagla mhór orthu rompu. Thóg Uncail Yasser ceann de na heitleoga. “An bhfeiceann tú cad é a scríobh siad uirthi? *Shalom*,” ar seisean. “Tá *shalom* scríofa uirthi. An gcreideann tú é sin? Agus amharc, amharc!” Tharraing siad pictiúr de cholm

ar an taobh eile. Ba ghairid go bhfuair muid amach go raibh an teachtaireacht chéanna agus an pictiúr céanna ar gach ceann acu.

Bhí páistí ag scairteadh agus ag léim le háthas ar gach taobh den bhalla. Chonaic mé go raibh an ghirseach ar an rothchathaoir ag streachailt le seasamh. Nuair a sheas sí faoi dheireadh, le cuidiú ó chúpla cara dá cuid, bhain sí di an scairf agus thosaigh á croitheadh go bríomhar os a cionn.

Thosaigh teaghlach Said agus cuid mhaith de mhuintir an tsráidbhaile a bhualadh bos, máithreacha, aithreacha, seanmháithreacha agus seanaithreacha, go stadach ar dtús. Níorbh fhada go raibh

gach duine ag bualadh bos, fiú Uncail Yasser. Ach thug mé faoi deara ansin gurbh iad na páistí amháin a bhí ag scairteadh, ag feadalach agus ag gáire. Bhí an lúcháir mhór a bhí orthu le cluinstitín ar fud an an tsléibhe. Ba chosúil le ceolchoirm mór dóchais iad, a shíl mé.

Bhí mé ag iarraidh a bheith i gcuideachta Said sa bhomaite iontach seo. Chuaigh mé siar chuige chomh gasta agus a thiocfadh liom. Agus mé ag teacht níos cóngaraí dó, chuala mé é ag scairteadh agus ag gáire in ard a chinn, i gcuideachta na bpáistí eile. Rith sé liom ansin gur amadán a bhí ionam, go ndearna mé dearmad an mhíorúilt seo a scannánú. Ach, beagnach

ag an am chéanna, thuig mé nach raibh sé tábhachtach cibé ar bith, gurbh é an gáire a bhí tábhachtach. Gáire a bhí ann a bheadh le cluinstitín chomh hard sin lá éigin go dtiocfadh an balla seo, cosúil leis na ballaí eile, anuas ina smidiríní. Ní bheadh gá leis na trumpaí mar a bhí gá leo fadó in Ireachó, ní bheadh de dhíth ach gáire na bpáistí.

Agus ansin bhí Said ag rith chugam. Thóg sé mo lámh “A Uasail Max, an bhfeiceann tú é sin? An ghirseach. Tá sí ag seoladh na n-eitleog ar ais. Bhí a fhios agam go seolfadh sí ar ais iad. Bhí a fhios agam. Is í a brionglóid í, is í mo bhrionglóid í, is í ár mbrionglóid féin í. Ach ní brionglóid ar bith feasta é, an ea? Tá sé ag tarlú go

fírinneach, nach bhfuil? An gcluineann tú mé, a Uasail Max? Mise atá ann, mise atá ag labhairt, nach ea?” Chuir sé a cheann siar, dhruid a shúile agus scairt amach in ard a chinn i dtreo na spéire. “Hóigh, a Mahmoud! A Mahmoud! An gcluineann tú mé? An bhfeiceann tú seo? Tá na heitleoga in airde sa spéir, a Mahmoud! Tá na heitleoga in airde sa spéir!”







Iarfhocal le Jeremy Bowen

Is fíor go mbíonn páistí na Pailistíne dála Said agus Mahmoud ag seoladh eitleog in airde sa spéir. Séideann cóir ghaoithe tráthnóna teo ar an Bhruach Thiar amach as an fhásach agus isteach sna cnoic. In Gaza séideann sí ón fharraige. Dála Said agus Mahmoud, déanann na páistí a gcuid eitleog féin as páipéar nuachta, as seanmhálaí plaisteacha agus as píosaí adhmaid. Déanann siad rud éigin álainn as carnán bruscair.

Le céad bliain anuas tá na hAraibaigh agus na Giúdaigh ag troid in éadan a chéile mar gheall ar an phíosa bheag talaimh seo atá lonnaithe idir Abhainn na hIordáine agus Muir na Meánmhara. Is minic a bhaineann an choimhlint geit as daoine ar fud an domhain.



Maraítear agus gortaítear cuid mhór páistí. Is ionann an phian a mhothaíonn na teaghlaigh ar dhá thaobh an bhalla nuair a tharlaíonn sin. Agus mé i m'riseoir, d'fhreastail mé ar chuid mhaith tórramh agus ar chuid mhaith tithe faire ina bhfuil daoine atá cráite croíbhruíte agus páistí ar maraíodh deartháireacha, deirfiúracha nó tuismitheoirí dá gcuid.

Is é an obair atá agam ná cuidiú le daoine a thuiscint cad chuige a bhfuil an choimhlint ann agus cad chuige nach bhfuil deireadh léi. In amanna ciallaíonn sé sin go mbím ag iarraidh an cineál saoil atá ag duine atá gafa sa choimhlint a léiriú ag an uair is measa ina saol. Agus in amanna, cé nach dtarlaíonn sé minic go leor, tagann muid ar chomharthaí dóchais fosta.



Michael Morpurgo – ba é Michael Craobh-údar na bPáistí 2003-2005. Scríobh sé corradh le céad leabhar agus bhain sé an iomad duais, lena n-áirítear Gradam Leabhar Páistí Whitbread, Gradam Leabhair Blue Peter, Gradam Leabhair Smarties agus Gradam Leabhar Paistí Red House. Déantar a chuid leabhar a aistriú agus a léamh ar fud an domhain agus maidir lena úrscéal *War Horse* a bhfuil ráchairt mhór air agus dea-cháil air cheana féin mar dhráma stáitse, tá sin anois ina scannán móréilimh. Bhunaigh Micheál agus a bhean chéile an carthanas Farms for City Children agus tá siad ina gcónaí in Devon.

Laura Carlin – is céimí í ó Choláiste Ríoga na hEalaíne a raibh saothar dá cuid in *Vogue*, an *Guardian* agus *The New York Times*. Tá roinnt mhaith duaiseanna bainte ag a léaráidí do leabhair páistí, lena n-áirítear Gradam Léaráidí Leabhair V&A agus focal ar leith fúthu i gcatagóir ficsin Ghradam Bologna Ragazzi do *The Iron Man* le Ted Hughes. In 2015 bronnadh an Grand Prix uirthi ag Gradaim mór le rá Biennial of Illustrations Bratislava agus bhí an leabhar is déanaí aici ar an fhadliosta do Bhonn Kate Greenaway. Tá Laura ina cónaí i Londain.



INVESTORS
IN PEOPLE



“ÓN CHÉAD ABAIRT I LEABHAR
DE CHUID MICHAEL MORPURGO,
TUIGEANN TÚ GO BHFUIL TÚ I
LÁMHA SCÉALAÍ NÁDÚRTHA.”

Guardian

Suíonn Max, iriseoir, agus a chara úr Said faoi chrann ársa olóige agus Said ag déanamh ceann eile dá chuid eitleog. Glactar le Max mar aoi i dteach an ghasúir, áit a bhfoghlaímíonn sé faoi na heachtraí uafásacha a tharla i stair a mhuintire - ach ní ullmhaíonn rud ar bith é don fhíorthábhacht atá le heitleoga Said.

*Feiceann iriseoir ina eispéireas
neamhghnách ar an Bhruach Thiar
gur féidir le dóchas agus aislingí páistí
eitilt níos airde ná balla ar bith.*

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT

29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG

Tel: +44 (0)28 9026 1200 Fax: +44 (0)28 9026 1234

Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk

